TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2008

# CUMANN CÓGAISEOIRÍ NA hÉIREANN

PSI
THE PHARMACEUTICAL SOCIETY OF IRELAND
*Cumann Cógaiseoirí na hÉireann*
THE PHARMACY REGULATOR

# CLAR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| Réamhrá leis an Dr. Bernard P. Leddy, Uachtarán PSI | 02-03 |
| Forbhreathnú leis an Dr. Ambrose McLoughlin, Cláraitheoir PSI | 04 |
| Gníomhaíochtaí Chomhairle PSI - 2008 | 05-10 |
| Rialú Corparáide agus Nuashonrú | 11 |
| Feidhm Forbartha Gairmiúla agus Foghlama | 12-14 |
| Feidhm Chlárúcháin agus Aitheantais Cáilíochtaí | 15-18 |
| Feidhm Chigireachta agus Fhorfheidhmiúcháin | 19-22 |
| Feidhm Gnóthaí Dlí | 23-24 |
| Feidhm Caighdeán agus Cleachtais | 25-26 |
| Feidhm na Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí | 27-28 |
| Feidhm Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Chorparáidigh | 29-31 |
| Feidhm na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide | 32 |
| Tuairisc Airgeadais (don tréimhse 1 Eanáir 2008 – 31 Nollaig 2008) | 33-36 |
| Tuairisc na n-Iniúchóirí Neamhspleácha do Chomhairle PSI (don tréimhse 1 Eanáir 2008 – 31 Nollaig 2008) | 37 |
| Cuntas Ioncam agus Caiteachais (don tréimhse 1 Eanáir 2008 – 31 Nollaig 2008) | 38 |
| Clár Comhardaithe (don tréimhse 1 Eanáir 2008 – 31 Nollaig 2008) | 39 |
| Notaí | 40 |

## RÉAMHRÁ

Cuirtear an tuarascáil bhliantúil seo faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí An tUas. Mary Harney TD, de réir Alt 17 (1) de Sceideal 1 den Acht Cógaisíochta 2007.

## CUMANN CÓGAISEOIRÍ NA hÉIREANN

Is é Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI) an comhlacht reachtúil do chógaiseoirí agus cógaslanna in Éirinn, bunaithe ag an Acht Cógaisíochta 2007. Feidhmíonn sé ar mhaithe le leas an phobail leis an ngairm a rialú.

## RÉAMHRÁ

Ba í 2008 an chéad bhliain do Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI) a bunaíodh faoin Acht Cógaisíochta 2007 (an tAcht), le hobair suntasach curtha ar bun lena chinntiú go gcuirtear  céimeanna eile den Acht i bhfeidhm. Ar an 29 Samhain 2008 cuireadh an dara céim ar bun agus anois tá Ailt 4, 5 agus 7 i bhfeidhm. Freisin, tá rialacháin agus sraith de rialacha reachtúla ceadaithe ag an Aire chun cuidiú le rialú ceart agus éifeachtach PSI, an rialaitheoir cógaisíochta.  Cuireann gach duine in earnáil na cógaisíochta fáilte roimh an gclár clárúcháin nua do ghnólachtaí cógaisíochta miondíola, do chógaiseoirí agus do chúntóirí cógaisíochta. Le blianta fada anaus bhíomar ag saothrú trí sheanchórais le héifeacht teoranta, nach raibh éifeachtach a thuilleadh sa ré nua seo de rialú atá dírithe ar an othar.  Anois tá córas cigireachta agus forfheidhmithe againn atá riachtanach don chomhlíonadh agus a gcuireann gach duine in earnáil na cógaisíochta, i ngrúpaí tacaíochta othar agus sa phobal fáilte roimhe.  Ciallaíonn sé seo go mbeidh córas clinice agus bainistíochta éifeachtach agus cuntasach sna cógaslanna uilig sa Stát, gan eisceacht. Le glúnta anuas bhí na forálacha seo á lorg ag an sean-PSI, ag eagrais ionadaíocha do chógaiseoirí agus ag grúpa suntasach de dhaoine in earnáil na cógaisíochta. Táim an-dóchasach go gcloífidh na húinéirí cógaslaainne, cógaiseoirí agus cúntóirí cógaiseoirí uilig go hiomlán leis an gcóras nua. Aithníonn siad cé chomh riachtanach agus atá seirbhísí cógaisíochta agus go mbeidh an pobal sásta go bhfuil an deachleachtas slán, fianaise-bhunaithe á chur i bhfeidhm againn i ngach a dhéanaimid.

Faoi lár na bliana 2009 meastar go mbeidh na hAilt uilig den Alt i bhfeidhm. Cinnteoidh na córais maidir le hiompar gairmiúil agus cumas le hoibriú go mbeidh siad siúd nach bhfuil ar a gcumas cleachtadh cuntasach, le smachtbhannaí cuí orthu siúd atá contúirteach d'othair agus don tsábháilteacht phoiblí.

Tá deachlú agus cáil na hearnála cógaisíochta riachtanach d'earnáil na sláinte. Tá áit ar leith ag cógaiseoirí agus cógaslanna inár bpobail, ár n-earnálacha gnó agus ach go háirithe iad siúd a bhfuilimid ag freastal orthu.  Mar earnáil €2.5 billiún, fostóir suntasach agus soláthróir seirbhíse suntasach is ea an chógaisíocht. Níl a cumas bainte amach ag an earnáil seo go fóill. Léiriú is ea an tionscnamh Pharmacy Ireland 2020, atá anois faoi lán-seoil, ar leibhéal ard tiomantais ag an gComhairle chun luach don other a fheabhsú agus chun athrú suntasach a dhéanamh d'othair ar an mbealach ina bhfaigheann siad seirbhísí cógaisíochta. Anois tá PSI chun tús a chur le múnlú eacnamaíochta ar sheirbhísí cógaisíochta nua agus chun sraith de roghanna polasaí a mholadh don Aire Sláinte agus Leanaí agus don rialtas a bheidh mar bhunús lena machnamh ar thodhchaí na seirbhísí cógaisíochta in Éirinn.

Sa bhliain 2008 tá neart ama agus iarracht déanta againn dul i gcion ar an Aire agus a Roinn agus dul i dteagmháil le mórchinnteoirí eile chun cur lena bhfeasacht agus lena dtuiscint ar fhíorchumas na cógaisíochta sa timpeallacht eacnamaíochta ina bhfuilimid ag feidhmiú anois.  Thosaigh PSI roinnt athbhreithnithe agus tuairiscí móra i réimsí ar nós oideachas cógaisíochta fochéime, an clár réamhchlárúcháin agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach. Freisin, go luath, cuiirfidh sé tús le hanailís bhonnlíne ar chleachtas cógaisíochta in Éirinn faoi láthair, le deis a ghiniúint tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana agus chun an earnáil a ullmhú do thréimhsí dúshlánacha amach anseo.

Thosaigh an obair ar an Acht Cógaisíochta ag druidim le deireadh na bliana 2005. Faoi dheireadh na bliana 2008, bhí dhá trian den Acht curtha i bhfeidhm. Táimid uilig sa chógaisíocht faoi chomaoin ag an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uas. T.D., ag Comhairle an PSI nua agus a chéad Uachtarán Brendan Hayes Uas., agus ag Cláraitheoir agus foireann PSI as a ndíograis, a dtiomantas agus a saothar gan stad chun an gharsprioc fhíorthábhachtach seo a shroicheadh. Ó mo thaobh féin de, mar Uachtarán geallaim daoibh go leanfaidh mé ag obair leis an gComhairle agus le muintir uilig PSI ní hamháin chun an chéim deiridh den reachtaíocht a chur i bhfeidhm ach freisin chun tacú le nuashonrú na hearnála cógaisíochta in Éirinn ar bhealach atá fíor agus inbhraite.

Rialaitheoir is ea an PSI, arna bhunú ag an Acht Cógaisíochta 2007, le cáil den scoth agus le tiomantas láidir do shábháilteacht othair agus do chosaint an phobail. Féachann sé le hobair leis na páirtithe leasmhara ar fad san earnáil ar mhaithe le hotahir agus leis an bpobal. Tá gaol oibre an-éifeachtach bunaithe ag PSI leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, an tAire, brainsí eile den rialtas agus an earnáil reachtúil. Bhí sé de phribhléid agam bualadh leis an Taoiseach agus comhaltaí eile den rialtas chun a dtacaíocht a éascú agus a fháil don iarratas a bhí á stiúradh ag PSI do Chomhdháil FIP (Cónaidhm Idirnáisiúnta Cógaisíochta) i mBaile Átha Cliat amach anseo, agus b'fhéidir Comhdháil an chéid sa bhliain 2012. Is cosúil go mbeidh deis againn comhdháil clúmhar mar sin a reáchtáil chun beocht a chur ar ais i gcógaisíocht na hÉireann agus í a chur, mar a rinne ár gcomhghleacaithe i 1975, ar ais i gcroílár na cógaisíochta idirnáisiúnta. Tá tionchar ag an PSI cheana ag leibhéal an Aontais Eorpaigh (AE) tríd an tionscnamh Gairmeoirí Sláinte ag Trasnú Teorainneacha agus tríd an obair le Coimisiún AE agus Comhairle na hEorpa. Ag an leibhéal náisiúnta cuireann PSI le fóram na rialaitheoirí sláinte agus faoi láthaur tá sé ag cur le forbairt na straitéisí suntasacha a fhreagróidh do Thuairisc an Choimisiúin ar Shábháilteacht Othair agus ar Dheimhniú Cáilíochta *Building a Culture of Patient Safety*.

Faoi láthar fuair PSI a Armas nua ón bPríomh-Aralt, leis an mana 'Scientia pro Sanitate' a chiallaíonn 'Eolas don tSláinte'. Mana cuí atá ann a léiríonn bunús ghairm na cógaisíochta – ag baint úsáide as cógais chun sláinte agus sábháilteacht othar a fheabhsú.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do chomhoibriú agus cúnamh Chláraitheoir agus fhoireann PSI i rith na bliana seo a chuaigh thart agus buíochas a ghabháil leo as na torthaí a luaitear sa tuarascáil seo a bhaint amach. Gan amhras ba bhliain le sárdhul chun cinn do PSI í 2008.

Mar chríoch, ar nóta pearsanta, tá sé d'onór agam freastal mar Uachtarán agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhbhaill den Chomhairle as a dtacaíocht leanúnach agus as an treoir a thugann siad d'obair na Comhairle.

An Dr. Bernard P. Leddy
Uachtarán

## FORBHREATHNÚ

Bliain an-dúshlánach ab ea 2008 don PSI. Tugann an tuarascáil seo cur síos ar an iliomad torthaí agus aschuir atá bainte amach ag an eagraíocht. Thug an Chomhairle an tacaíocht agus sinn ag leanúint de thógáil an chreatlaigh do thodhchaí cógaisíochta na hÉireann, agus ba mhaith liom tagairt ar leith a dhéanamh do shaothar an Uachtaráin an Dr Bernard Leddy agus a réamhtheachtaí, an tUas. Brendan Hayes. Pribhléid phearsanta a bhí ann domsa bheith i gceannas ar fhoireann bhainistíochta a d'fheidhmigh chomh héifeachtach sin maidir le roinnt príomhábhair ar nós an chórais clárúcháin nua do chógaslanna agus do chógaiseoirí, córas cigireachta agus forfheidhmithe nua, agus córas rialaithe nua don PSI.

Ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a ghabháil leo seo a leanas sa Roinn Sláinte agus Leanaí: An tAire Mary Harney, TD, An tArd-Rúnaí Michael Scanlan, Uas., Rúnaí Cúnta Paul Barron, Uas., Príomhoifigeach Colm Desmond, Uas., Príomhoifigeach Cúnta Thomas Monks, Uas., agus an tIar-Phríomh-Chógaiseoir Tom McGuinn, Uas.. Ag teacht leis na traidisiúin is fearr i Státseirbhís na hÉireann, bhí an Roinn an-tacaíoch agus d'oibrigh i gcomhpháirt linn chun cnuasach nua de rialacháin, rialacha agus uirlisí rialaithe a sholáthar a chuirfidh ar ár gcumas leanúint ar ghaidh chuig an gcéim deiridh d'fhorfheidhmiú an Achta i 2009, agus chun ard-fheidhmíocht na hearnála cógaisíochta a dheimhniú don phobal.

Tá an-mheas agam ar dhílseacht agus gairmiúlacht na bainistíochta, na foirne agus na gcomhairleoirí gairmiúla don PSI. Le chéile, thugamar ar fad aghaidh ar dhúshláin le muinín agus le diongbháilteacht chun na spriocanna agus cuspóirí atá leagtha síoas ag an Aire agus faofa ag an gComhairle a bhaint amach. Bhíomar ag plé leis an athrú is suntasaí i stair na hearnála cógaisíochta, agus go deimhin in earnáil na sláinte, in Éirinn a chur i bhfeidhm agus rinneamr é sin go héifeachtúil ó thaobh costais de.

Ba mhaith liom ómós ar leith a thabhairt dóibh siúd in earnáil na cógaisíochta in Éirinn a d'oibrigh linn sa bhliain seo a chuaigh thart, na grúpaí agus eagrais ionadaíochta othar, eagrais

ionadaíochta ghairm na cógaisíochta, ollscoileanna, comhghleacaithe i ngairmeacha sláinte eile agus rialaitheoirí eile.

D'oibrigh na struchtúir Coiste nua, a bhfuil bonn rialacha reachtúla acu anois, go héifeachtach. Beidh iarrachtaí chathaoirligh agus bhaill éagsúla na gCoistí soiléir ón tuarascáil seo. Tá an Chomhairle féin ag comhlíonadh a cuid dualgaisí faoi réir na reachtaíochta agus faoi réir mhianta an Oireachtais. Forbairt shuntasach eile is ea an Coiste Iniúchta faoi stiúr an Dr. John Hillery, a bheireann leis cinnteacht maidir le cinnteoireacht na Comhairle nua sna blianta atá romhainn. Bhí tréimhse dhúshlánach airgeadais romhainn i 2008 ach, leis an leibhéal céanna de thiomantas agus de dhíograis agus a bhí roimhe seo, bhain an Chomhairle agus PSI na spriocanna agus na cuspóirí amach laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil. Tá tromlach na gceisteanna stairiúla ón seanchóras pléite anois, agus críochnófar an t-aistriú go dtí rialaitheoir nua-aimseartha dírithe ar othar nuair a chuirtear an chuid den Acht atá fágtha i bhfeidhm. Bliain chuntasach agus dhúshlánach a bhí ann i 2008 don PSI. Bhí sé ríthábhachtach do thodhchaí na seirbhísí cógaisíochta in Éirinn na córais clárúcháin nua a chur ar bun. D'oibrigh an Chomhairle, a Coistí agus foireann PSI do dícheallach chun na córais agus próisis nua a chur ar bun mar bhonn leis an reachtaíocht. Sa bhliain 2009 cuirfear an próiseas forfheidhmithe i gcrích, agus ansin tosaíonn an obair chrua chun an chuid is tábhachtaí den reachtaíocht in earnáil na cógaisíochta ó 1875 i leith a dhaingniú. Beidh tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta ar earnáil na cógaisíochta. Beidh ar an PSI páirt a ghlacadh chun deimhniú don rialtas, do pholaiteoirí agus don phobal go bhfanfaidh ár seirbhísí cógaisíochta slán, inmharthana agus inbhuanaithe amach anseo. Tá soláthar sa chóras rialaithe nua do pháirc imeartha chothrom agus chóir do chách atá ag feidhmiú in earnáil na cógaisíochta. Caithfidh gach duine atá ag plé le córais rialaithe i gcúram sláinte ceachtanna a fhoghlaim ó earnáil an airgeadais. Tá sé ríthábhachtach é sin a dhéanamh ar mhaithe le sábháilteacht othair agus cosaint an phobail.

Rinneadh dianscrúdú poiblí orainn sa bhliain 2008 agus leanfar de sin sna blianta atá romhainn. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimid monatóireacht ar an timpeallacht ina bhfuilimid ag feidhmiú agus go leanfaimid d'ár n-iarrachtaí dul i gcion ar phríomhchinnteoirí. Beidh an-dúshlán romhainn san blianat amach anseo freisin. Tá aistear fada déanta ag an PSI nua ón 22 Bealtaine 2007.

An Dr. Ambrose McLoughlin
Cláraitheoir

## COMHAIRLE PSI (1 EANÁIR GO 31 NOLLAIG 2008)

Bhí an Chomhairle comhdhéanta den Uachtarán agus Leas-Uachtarán agus 19 ball Comhairle eile mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Uachtarán: | *An Dr. Bernard Leddy |
| Leasuachtarán: | *Brendan Hayes, Uas. |
| Baill den Chomhairle: | *An Dr. William Boles |
| | *Cormac Deasy, Uas. |
| | *Paul Fahey, Uas. |
| | *Noeleen Harvey, Uas. |
| | *Darragh O'Loughlin, Uas. |
| | *Rónan Quirke, Uas. (chaigh ar scor ar an 21 Feabhra 2008) |
| | *An tOll. Peter Weedle |
| | Richard Durkin, Uas. ** |
| | Colm Fagan, Uas. ** |
| | Cathriona Hallahan, Uas. ** |
| | Ita Kelleher, Uas. ** |
| | Deirdre Larkin, Uas. ** |
| | Michelle Ní Longáin, Uas. ** |
| | Phil O'Neill, Uas. ** |
| | Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána, Nóirín O'Sullivan ** |
| | An tOll. John Feely (Ainmí FSS) ** |
| | An Dr. Paul Gallagher (Ainmní na Scoileanna Cógaisíochta) ** |
| | An tOll. June Nunn (CPD maidir le cógaisíocht) ** |
| | Rita Purcell, Uas. (Ainmní Bhord Leigheasra na hÉireann)** |

**Cógaiseoir*
***Ainmnithe an Aire de réir Ailt 10(3) den Acht Cógaisíochta 2007*

As an 27 Bealtaine 2008 thogh Comhairle PSI an Dr. Bernard Leddy ina Uachtarán ar PSI, in ionad an Uachtaráin ag dul as oifig, Brendan Hayes, Uas. Toghadh an tUas. Hayes ina Leas-Uachtarán ansin.

## COISTÍ COMHAIRLEACH NA COMHAIRLE

Tá seacht gcoiste comhairleach de chuid na Comhairle bunaithe ag PSI mar atá léirithe thíos:

1. Coiste na gCathaoirleach
2. Coiste Iniúchta
3. Coiste Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Chorparáidigh
4. Coiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin
5. Coiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama
6. Coiste Clárúcháin agus Aitheantais Cáilíochtaí
7. Coiste Caighdeán agus Cleachtais

## COISTE NA gCATHAOIRLEACH

| | |
|---|---|
| Ms. Cathriona Hallahan | (Cathaoirleach) |
| An tOll. Peter Weedle | Cathaoirleach an Choiste Clárúcháin agus Aitheantais Cáilíochta |
| An Dr. Paul Gallagher | Cathaoirleach an Choiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama |
| Colm Fagan, Uas. | Cathaoirleach an Choiste Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Chorparáidigh |
| Noeleen Harvey, Uas. | Cathaoirleach an Choiste Caighdeán agus Cleachtais |
| | (Ronan Quirke, Uas. go dtí an 21 February) |
| Coim. Cúnta an Gharda Síochána Nóirín Ó'Sullivan | Cathaoirleach an Choiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin |
| An Dr. Bernard Leddy | Uachtarán |
| Brendan Hayes, Uas. | Leas-Uachtarán |

## COISTE INIÚCHTA

| | |
|---|---|
| An Dr. John Hillery (Cathaoirleach) | Cathaoirleach, Cumann Idirnáisiúnta na nÚdarás Rialaithe Leighis |
| Tom McGuinn, Uas. | Iar-Phríomh-Chógaiseoir, An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| Aidan Horan, Uas. | Stiúrthóir, Seirbhísí Oiliúna, Forbartha agus Comhairleoireachta, An Foras Riaracháin (IPA) |
| Raymond Dolan, Uas. | Stiúrthóir, Oibríochtaí Corparáide, safefood |
| Kate Mulvenna, Uas. | Cúram Príomhúil, Pobail agus Leantach, FSS |
| Michelle Ní Longáin, Uas. | Páirtí, BCM Hanby Wallace, Comhalta de Chomhairle PSI |

*Is féidir teacht ar Chairt an Choiste Iniúchta ar shuíomh gréasáin PSI.*

## COISTE RIARACHÁIN, AIRGEADAIS AGUS RIALAITHE CHORPARÁIDIGH

| | |
|---|---|
| Colm Fagan, Uas. | (Cathaoirleach) |
| Rita Purcell, Uas. | |
| Darragh O'Loughlin, Uas. | |
| Paul Fahey, Uas. | |
| Deirdre Larkin, Uas. | |

## COISTE CIGIREACHTA AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| Coim. Cúnta an Gharda Síochána Nóirín Ó'Sullivan | (Cathaoirleach) |
| Cathriona Hallahan, Uas. | |
| William Boles, Uas. | |
| Richard Durkin, Uas. | |
| Phil O'Neill, Uas. | |
| Darragh O'Loughlin, Uas. | |
| Deirdre Larkin, Uas. | |

## CISTE FORBARTHA GAIRMIÚLA AGUS FOGHLAMA

| | |
|---|---|
| An Dr. Paul Gallagher | (Cathaoirleach) |
| Ita Kelleher, Uas. | |
| Noeleen Harvey, Uas. | |
| Colm Fagan, Uas. | |
| Michelle Ní Longáin, Uas. | |
| An tOll. June Nunn | |

**COMHALTAI COMHTHOFA**

| | |
|---|---|
| **Tamasine Grimes, Uas. | Léachtóir sa Chleachtas Cógaisíochta RCSI agus Cógaiseoir Taighde Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí |
| **Shaun Flanagan, Uas. | Príomh-Chógaiseoir, Oifig Náisiúnta na nOspidéal, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) |
| **Pamela Logan, Uas. | Stiúrthóir Seirbhísí Cógaisíochta, Cumann Cógaisíochta na hÉireann (IPU) |
| **Niall O'Shea, Uas. | Ceann ar Ghnóthaí Rialaithe agus Seachtracha, GlaxoSmithKline |
| ***Rita O'Brien, Uas. | Cúntóir Cógaisíochta |
| ***Diarmuid Semple, Uas. | Fochéimí Cógaisíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) |

## COISTE CLÁRÚCHÁIN AGUS AITHEANTAIS CÁILÍOCHTAÍ

| | |
|---|---|
| An tOll. Peter Weedle | (Cathaoirleach) |
| Cormac Deasy, Uas. | |
| *An Dr. Bernard Leddy | |

**COMHALTAÍ COMHTHOFA**

| | |
|---|---|
| **Stephen McMahon, Uas. | Stiúrthóir Bainistíochta, Cumann Othar na hÉireann |
| **An Dr. Mike Morris | Comhairleoir Eolaíochta Sinsearach, Bord Leigheasra na hÉireann |

## COISTE CAIGHDEÁN AGUS CLEACHTAIS

| | |
|---|---|
| Noeleen Harvey, Uas. | (Cathaoirleach) |
| Michelle Ní Longáin, Uas. | |
| Ita Kelleher, Uas. | |
| Paul Fahey, Uas. | |

**COMHALTAÍ COMHTHOFA**

| | |
|---|---|
| **Jim Reilly, Uas. | Oifigeach Forbartha, Patient Focus |
| **Claire Kerr, Uas. | Cógaiseoir Chúram Príomhúil, FSS |
| **An Dr. Laura Sahm | Léachtóir Sinsearach sa Chógaisíocht Chliniciúil, Scoil na Cógaisíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC) agus cógaiseoir comhairleach, Ospidéal na Trócaire, Corcaigh |
| **An Dr. Mark Ledwidge | Léachtóir sa Chógaisíocht Chliniciúil, Scoil na Cógaisíochta, UCC agus Stiúrthóir ar thaighde i dTeip Croí in Ospidéal Naomh Uinsinn |

**D'éirigh an Dr. Bernard Leddy as an gcoiste ar a cheapachán ian Uachtarán ar Chomhairle PSI ar an 27 Bealtaine 2008.*
***Arna cheapadh ar an gCoiste ar an 7 Deireadh Fómhair 2008 ag Comhairle PSI.*
****Arna cheapadh ar an gCoiste ar an 2 Nollaig 2008 ag Comhairle PSI.*

## STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA

**OIFIG AN CHLÁRAITHEORA**

| | |
|---|---|
| Cláraitheoir (Príomhfheidhmeannach) | An Dr. Ambrose McLoughlin BDS, MBA |
| Oifigeach Forbartha Polasaí | An Dr. Cheryl Stokes BA Mod. Microbiol., P.Grad.Dip. |
| Cúntóir Pearsanta don Chláraitheoir | Josephine Aylward, Uas. B.Sc. (Soc.) |
| Gearáin | Susan Payne, Uas. BA, HDip |

**GNÓTHAÍ DLÍ**

| | |
|---|---|
| Ceann Gnóthaí Dlí | Marita Kinsella, Uas. MPSI, BL |
| Feidhmeannach Gnóthaí Dlí | Rory Kennedy, Uas. BBLS |

**OIDEACHAS AGUS CLÁRÚCHÁN**

| | |
|---|---|
| Ceann Oideachais & Clárúcháin | Lorraine Horgan, Uas. BSc, MEconSc |

***Feidhmeannaigh Oideachais agus Clárúcháin***

| | |
|---|---|
| Clárúchán AE, Coimeád an Chláir agus Tuairiscí Creidiúnaithe | Goretti Warde, Uas. |
| Clárúchán Náisiúnta & RA, Réamh-Chlárúchán agus Tuairiscí Creidiúnaith | Louise Holly, Uas. Clárúchán Neamh-AE, Réamh-Chlárúchán |
| agus Teicneoirí Cógaisíochta | Emma Pierce, Uas. |
| Clárúcháin ar Chógaslanna agus Tuairiscí Creidiúnaithe | Susan Payne, Uas. BA, HDip |
| Comhordaitheoir Thionscnamh Oideachais | Ciara Dooley, Uas. BSc |

**CAIGHDEÁIN AGUS CLEACHTAS**

| | |
|---|---|
| Cigire Sinsearach | Damhnait Gaughan, Uas. MPSI |
| Cigire | John Hislop, Uas. MPSI |
| Riarthóir | Elouise Haynes, Uas. BA |

**CIGIREACHT AGUS FORFHEIDHMIÚ**

| | |
|---|---|
| Ceann Riaracháin agus Forbartha Bainsiteoir do Chigireacht agus Forfheidhmiú | John Bryan, Uas. |
| Riarthóir | Liz Kielty, Uas. MA |

**RIARACHÁN AGUS AIRGEADAS**

| | |
|---|---|
| Leass-Cheann Riaracháin | Sinead O'Keeffe, Uas. BBS |

***Riarthóirí***

| | |
|---|---|
| Cuntais agus Acmhainní Daonna | Patricia Daly, Uas. MIATI |
| Fáiltiú agus Tacaíocht Riaracháin | Michelle Gosney, Uas. |

**CUMARSÁID AGUS GNÓTHAÍ POIBLÍ**

| | |
|---|---|
| Ceann Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí (agus eagarthóir Irish Pharmacy Journal) | Kate O'Flaherty, Uas. BScPharm, MSc, MA, MPSI |
| Riarthóir | Carol Keogh, Uas. DipFA |

**BORD COMHAIRLE EAGARTHÓIREACHTA**

| | |
|---|---|
| Jackie Gallagher, Uas. (Cathaoirleach) | Stiúrthóir Q4 Public Relations agus comhairleoir CP don PSI |
| An Dr. Stephen Byrne | Léachtóir sa Chógaisíocht Chliniciúil, UCC |
| Geraldine Colohan, Uas. | Príomh-Chógaiseoir, Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Slua |
| James Collins, Uas. | Cógaiseoir pobail, Áth Dara, Co. Luimnigh |
| Jackie Robinson, Uas. | Mac léinn cógaisíochta réamh-chlárúcháin |

Oifig chláraithe Chumann Cógaiseoirí na hÉireann:
**18 Bóthar Shrewsbury,**
**Droichead na Dothra,**
**Baile Átha Cliath 4**
**Fón: +353 1 2184000**
**Facs: +353 1 2837678**
**R-phost: info@pharmaceuticalsociety.ie**
**Suíomh gréasáin: www.pharmaceuticalsociety.ie**

# IMEACHTAÍ CHOMHAIRLE PSI - 2008

- Ag teacht le polasaí an rialtais maidir le comhchomhairle agus le cumarsáid, bhuail Comhairle PSI le chéile cúig uaire i 2008:
  An 26 Feabhra i Scoil na Cógaisíochta, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn.
  An 27 Bealtaine i Scoil na Cógaisíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh.
  An 7 Deireadh Fómhair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
  An 2 Nollaig i Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
  An 16 Nollaig in Oifigí PSI.

- Bhí leibhéal an fhreastail ag cruinnithe na Comhairle agus ag cruinnithe na gCoistí an-ard. Léiríonn sé seo leibhéal ard an tiomantais ón gComhairle agus ó na Coistí. Bhain an PSI leas as áiseanna teileachomhdhála agus físchomhdhála chun freastal ar chruinnithe a éascú.

- D'fhaomhaigh an Chomhairle líon áirithe doiciméid i 2008:
- Tuarascáil Bhliantúil 2007
  - Ráitis Airgeadais 2007
  - Dréacht-Pháipéir Seasaimh Eatramhacha ar Chigireacht agus Forfheidhmiú
  - Doiciméad Plé ar Chóras Toghcháin a Fhorbairt
  - Dréacht-Phróisis Toghcháin Molta [Tuairisc an Fho-Chiste Toghcháin]
  - Tuairisc Eatramhach Chógaisíocht Éireann 2020
  - Tuairisc Creidiúnaithe Choláiste Ollscoile Corcaigh (UCC)
  - Tuairisc Creidiúnaithe Choláiste na Tríonóide (TCD)
  - Meabhrán Tuisceana um Ghairmeoirí Chúram Sláinte ag Trasnú Teorainneacha (HPCB) ar Mhalartú Faisnéise Chas le Cás agus Onnghníomhach
  - Meabhrán ar na Cláir Nua a Bhunú: Próiseas Molta chun na Cláir a Bhunú agus Tascanna Gaolta
  - Meabhrán ar Chláraithe a Aistriú do Chláir nua
  - Meabhrán ar Chlár Poiblí na gCógaiseoirí
  - Meabhrán ar Chlár Poiblí na gCógaslann
  - Meabhrán ar Theastais Clárúcháin Bliantúla Nua
  - Foirm Iarratais do Theastas ar Stádas Gairmiúil Reatha
  - Rialacha Reachtúla PSI
  - Cód Iompraíochta do Chógaiseoirí
  - Lámhleabhar Treorach do Chleachtas Cógaisíochta
  - Comhthoghcháin do Choistí PSI
  - Buiséad Leasaithe 2008 agus Tuairisc ar an mBuiséad Leasaithe 2008
  - Tarmligean Fheidhmeanna na Comhairle do Choistí na Comhairle
  - Téarmaí Tagartha Leasaithe de Choistí na Comhairle
  - Cairt an Choiste Iniúchta
  - CinnComhairimh agus Scrúdanóirí Toghcháin a Cheapadh
  - Meabhrán Tuisceana le Bord Leigheasra na hÉireann (IMB)
  - Dréacht-Phlean Seirbhíse PSI 2009

- Trí mheán an Chláraitheora, d'oibrigh an Chomhairle le comhlachtaí rialtais agus reachtúla mar an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), An Bord Altranais, Comhairle na nDochtúirí Leighis, an Chomhairle Fiaclóireachta, Comhairle na dTréidlianna, Comhairle na nGairmeoirí Sláinte agus Chúram Sóisialta (HSCPC), An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), An Coimisiún Meabhair-Shláinte (MHC), An Institiúid um Chosaint Raideolaíoch (RPII), An tÚdarás um Shábháilteacht Bhia (FSAI), An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil (PHECC) agus Bord Leigheasra na hÉireann (IMB).

- D'oibrigh an Chomhairle leis na Scoileanna Cógaisíochta ar chláir oibre beartais a bheidh ábhartha do chleachtas cógaisíochta amach anseo, lena n-áirítear an tionscnamh Pharmacy Ireland 2020.
-
- Cintíonn Comhairle PSI, trí Choiste na gCathaoirleach, go bhfuil an cur chuige is éifeachtaí in úsáid chun gnó uilig na Comhairle agus na gCoistí a thapú agus chun an tsineirge a mhéadú idir na Coistí. Tá na Téarmaí Tagartha don choiste seo thíos:

1. Dul i gcomhchomhairle leis an Uachtarán agus leis an gCláraitheoir agus comhairle a thabhairt dóibh ar an gcaoi is fearr le héifeachtúlacht na Comhairle ina cuid gnó a fheabhsú.
2. Comhairle a thabhairt agus maoirsiú a dhéanamh ar bhunú agus rith éifeachtach cibé Coistí den Chomhairle a bheidh ann ó am go ham.
3. Tuairisciú agus ról aiseolais a sholáthar maidir le himeachtaí Choistí na Comhairle agus maidir lena n-éifeachtúlacht, agus chun a chur faoi bhráid na Comhairle ar bhonn bliantúil nó níos minic más gá, aon mholadh a chuirfeadh feabhas ar éifeachtúlacht na Comhairle nó Choistí na Comhairle.
4. Chun comhchomhairle a éascú idir Choistí na Comhairle maidir le nithe ar chomhshuim agus chun plé leis na spleáchais a éiríonn idir na Coistí luaite agus a n-oibríochtaí.

5. Chun comhchomhairle a éascú idir Choistí na Comhairle ar an bPlean Seirbhíse agus a fhorfheidhmiú, agus ar Thuarascáil Bhliantúil a ullmhú.
6. Cumarsáid agus tuiscint a éascú idir na Coistí thuasluaite.

# RIALÚ CORPARÁIDE AGUS NUASHONRÚ

Le teacht i bheidhm an Achta Cógaisíochta 2007, d'athriagh ról Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI) chuig ról mar eagras ardfheidhmíochta rialaithe le freagrachtaí agus cumhactaí atá méadaiteh go mór. Dá bhrí sin, d'fhéach PSI le hinfreastruchtúr soláthar láidir a bhunú bunaithe ar thacar cuimsitehacht mionsonraithe de pholasaithe agus gnásanna.

Chuimsigh na réimsí a mapáladh:
- Clárúchán
- Airgeadas agus Riarachán
- Táillí
- Cigireacht, Imscrúduithe agus Forfheidhmiú Láimseáil Fiosruithe

Mar chuid den chleachtadh mapála rinneadh nádúr agus réimse na dtacaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) de dhíth mar bhonn le próisis PSI a chinneadh freisin. Léiríonn an t-athbhreithniú TFC réimsí ina bhféadfaí seirbhísí ar líne a shníomh i ngnáthimeachtaí PSI agus tugann sé treoir ardleibhéil d'fhorbairt na gcóras TFC atá de dhíth.

**Na Buntáistí le Polasaithe agus Gnásanna Mionsonraithe a Fhorbairt**
- Laghdú ar chontúirt do shábháilteacht othair agus dámaiste do chlú PSI
- Próisis a thacaíonn le comhlíonadh leis an Acht Cógaisíochta 2007
- Feabhas sr chumas na bainistíochta plé le nithe criticiúla
- Úsáid na teicneolaíochta a cheadaíonn agus a éascaíonn comhlíonadh an Achta Cógaisíochta 2007
- Caighdeánú agus comhsheasmhacht sholáthar seirbhíse

| Réimse | Líon na Mapaí Próisis a Soláthraíodh |
|---|---|
| Clárúchán | 18 |
| Cigireacht, Imscrúduithe agus Forfheidhmiú | 10 |
| Airgeadas agus Riarachán | 6 |
| Táillí | 1 |
| Láimseáil Fiosruithe | 1 |
| IOMLÁN | 36 |

Sa bhliain 2009 díreofar dianobair ar fhorbairt TFC mar bhonn le forfheidhmiú na bpróiseas agus na ngnásanna. Tá úsáid chórais bainistíochta sonraí sa chroílár anseo, maraon le comhroinnt eolais sa fíoram agus úsáid ghléasanna soghluaiste. Tiománfaidh mionchoigeartú TFC forfheidhmiú iomlán na bpróiseas agus na ngnásanna, agus tabharfaidh sé treoir don PSI i bhforfheidhmiú na bpróiseas eatramhach laistigh de struchtúir agus acmhainní reatha TFC.

**Rialú Corparáide**
Sa bhliain 2008 thug an PSI faoi Chreatlach Rialuithe Corparáide a fhorbairt, a chuirfear faoi bhráid Chomhairle i 2009 le faomhadh. Tá rialú corparáide maith riachtanach chun éifeachtúlacht agus cuntasacht a fheabhsú chomh maith le feabhas a chur ar oscailteacht agus trédhearcacht. Gné shuntasasch de chlár an Rialtais do leasú ar an tseirbhís sláinte is ea na socruithe rialuiteh agus cuntasachta a láidriú ar fud an chórais sláinte.

**Buntáistí le rialú maith**
Cuireann an PSI a fheidhmeanna agus a ndualgais i bhfeidhm chun leasa an phobail agus mar sin tá sé cuntasach don phobal. Tá an PSI cuntasach don Oireachtas freisin as feidhmiú a chuid feidhmeanna reachtúla. Tá rialú maith riachtanach d'oibriú riachtanach an PSI agus cuidíonn sé le trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe. Leagfaidh an creatlach rialaithe corparáidigh amach go soiléir struchtúr eagraíochta PSI agus cuideoidh sé le cumarsáid fheabhsaithe le páirtiteh leasmhara.

Leagfaidh an creatlach rialaithe corparáidigh don PSI síos na próisis agus an gnásanna a fhaightear as an deachleachtas sa rialú, ag cur san áireamh na foráilacha cuí den Acht Cógaisíochta 2007. Ach go háirithe, tugann Cuid 3 "Comhairle an Chumainn" agus Sceideal 1 "An Chomhairle agus a comhaltaí agus fostaithe PSI" an treoir dlí agus an cúlra don doiciméad. Tabharfaidh an creatlach rialaithe corparáidigh deimhniú d'othair agus don phobal go bhfuil an "oiriúnach don chúis" agus "oiriúnach don fheidhm".

# FEIDHM FORBARTHA GAIRMIÚLA AGUS FOGHLAMA

**COISTE FORBARTHA GAIRMIÚLA AGUS FOGHLAMA**

**Téarmaí Tagartha**

1. *Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar fhorbairt polasaí i ngach gné a bhaineann le hoideachas agus oiliúint chógaisíochta, agus dul chun cinn ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta araon agus cabhrú leis an gComhairle polasaí oideachais an PSI a cheapadh, lena n-áirítear speisialtóireachtaí a cheapadh.*
2. *Cinntiú go ndéantar cláir oideachais a sheachadadh do mhic léinn (ag cur san áireamh an fhoghlaim agus na cumais sainithe do dhaoine ag fáil cáilíochtaí atá cuí don chleachtas), cógaiseoirí agus baill foirne tacaíochta cógaslainne, lena n-áirítear teicneoirí cógaslainne agus cúntóirí cógaisíochta, agus freisin do chógaiseoirí ag déanamh iarratais ar chlárúchán faoin modh clárúcháin AE/LEE agus córas neamh AE/LEE ar aitheantas cáilíochtaí.*
3. *Córas creidiúnaithe a bhunú, a athbhreithniú, agus a nuashonrú mar is gá, maidir le háiteanna, institiúidí agus daoine a fhéadann cláir oideachais agus oiliúna cógaisíochta a sheachadadh.*
4. *Curaclaim éagsúla a cheapadh agus a chreidiúnú i dtaobh cógaisíocht a mhúineadh.*
5. *Scrúdóirí a cheapadh agus ceapachán creidiúnóirí, scrúdóirí nó measúnóirí neamhspleácha gairmiúla a mholadh don Chomhairle, mar is cuí.*
6. *Córas éifeachtach scrúdaithe a bhunú do mhic léinn agus cógaiseoirí i ngach réimse den chógaisíocht.*
7. *Nithe a athbhreithniú, a nheas agus a cheadú maidir le forais oiliúna praiticiúla agus chu córas éifeachtach a chur ar bun d'athbhreithniú agus measúnacht ar oideachas, oiliúint, scrúduithe, cáilíochtaí, foghlaim ó thaithí, mar is cuí, i réimse na cógaisíochta, agus moltaí do chineál agus faid ama na hoiliúna praiticiúla faoi mhaoirseacht (nó tréimhsí oiriúnaithe), más gá.*
8. *Maoirsiú agus ceannaireacht ar fhorbairt, forfheidhmiú agus deimhniú cáilíochta ar mhúnla forbartha gairmiúla leanúnacha (FGL) i réimse na cógaisíochta i gcomhair leis an gCoisye Caighdeán agus Cleachtais agus an Coiste Clárúcháin agus Aitheantais Cáilíochta.*
9. *Comhairle a thabhairt ar choimisiúnú agus cur i bhfeidhm taighde ar an oideachas, oiliúint, scrúdú agus measúnacht agus coinneáil agus foilsiú na staitisticí cuí.*
10. *Ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le hoideachas cógaisíochta agus FGL.*
11. *Buiséad bliantúil a chruthú don Choiste Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Corparáidigh agus feidhmiú laistigh den bhuiséad sin.*
12. *Tuairisciú don Chomhairle ar bhonn rialta ar a ngníomhaíochtaí.*
13. *Caidreamh le Coistí eile na Comhairle de réir mar is gá.*

**Cruinnithe a Tionóladh**

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama i 2008.

**Gníomhaíochtaí**

- Rinne an Chomhairle na tuairiscí creidiúnaithe maiidr le clár Baitsiléara sa Chógaisíocht i Scoil na Cógaisíochta i gColáiste na hOllscoile Corcaigh (UCC) agus le clár Baitsiléara san Eolaíocht (Cógaisíocht) i Scoil na Cógaisíochta agus na hEolaíochta Cógaisíochta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD) a fhaomhadh. Clúdaíonn an dá thuairisc an tréimhse 2007-2011. Tá clár Baitsiléara san Eolaíocht (Cógaisíocht) i Scoil na Cógaisíochta, RCSI creidiúnaithe ag an gComhairle chean féin don tréimhse 2006-2010.
- D'oibrigh an Coiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama go dlúth le hAonad Gnóthaí Dlí PSI ar dhréachtadh agus athbhreithniú na rialacha reachtúla nua don oideachas agus don oiliúint.
- Bhí caidreamh agus forbarthaí ar siúl le inn 2008 le scoileanna na cógaisíochta in Éirinn trí mheán na gcruinnithe Comhairle a bhí ar bun i ngach scoil i 2008, cruinnithe comhchomhairle ar fhorbairt na rialacha reachtúla nua don oideachas agus don oiliúint agus cruinnithe déthaobhacha ar réimse d'ábhair.
- I mí na Nollag 2008, bunaíodh comh-thascfhórsa idir PSI agus Lárionad na hÉireann don Oideachas Cógaisíochta Leantach (ICCPE), agus é de shainchúram aige comhairle a thabhairt don dá eagras maidir leis an gcaoi is fearr le comhoibriú le cógaiseoirí agus tacú leo le linn fhorfheidhmithe phríomhalt an Achta Cógaisíochta 2007, agus thosaigh pleanáil do ghníomhaíocht na bliana 2009.

**Tionscnamh um Athbhreithnithe Oideachais agus Creidiúnaithe na Cógaisíochta (PEARs)**

- Ag próiseas poiblí tairisceana déanta go luath i 2008, choimisiúnaigh an PSI an Grúpa Taighde i gCleachtas na Cógaisíochta, lonnaithe i Scoil na Cógaisíochta in Ollscoil Aston, (Birmingham, Sasana), le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gclár cúig bliana oideachais agus oiliúna do cháilíocht na cógaisíochta in Éirinn agus athbhreithniú ar mhúnlaí agus caighdeáin creidiúnaithe.
- Déanfar an tionscnamh i dtrí chéim agus clúdóidh iad seo a leanas:
  - Athbhreithniú cuimsitheach ar an gclár cúig bliana oideachais agus oiliúna do cháilíocht na

cógaisíochta in Éirinn
- Athbhreithniú ar na próisis a úsáidtear chun cúrsaí gairme a chreidiúnú le fócas ar chúrsaí gairme sláinte
- Athbhreithniú ar oiliúint réamhchlárúcháin cógaisíochta in Éirinn

- Is é príomhaidhm an tionscnaimh PEARs ná moltaí a fhorbairt le cur faoi bhráid Chomhairle PSI do thacar de phrionsabail don oideachas agus oiliúint cógaisíochta agus moltaí maidir leis an tréimhse cúig bliana oideachais agus oiliúna.
- Chun cuidiú leis an bhfoireann taighde, bunaíodh grúpa stiúrtha tionscnaimh, agus é d'aidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn sa tionscnamh agus a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na cuspóirí ráite ar son an PSI. Seo a leanas na comhaltaí:
  - An Dr. Paul Gallagher (Cathaoirleach), Cathaoirleach an Choiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama (Comhalta na Comhairle ainmnithe ag na scoileanna cógaisíochta), Léachtóir Sinsearach i gCleachtas na Cógaisíochta, Stiúrthóir Oideachais, Scoil na Cógaisíochta, RCSI
  - Mary Rose Burke, Uas., Príomh-Chógaiseoir, Boots
  - Shaun Flanagan, Uas., Príomh-Chógaiseoir, Oiifig Náisiúnta na nOspidéal, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
  - Tamasine Grimes, Uas., Cógaiseoir Taighde Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí
  - Noeleen Harvey, Uas. Cógaiseoir Pobail, Comhalta de Chomhairle PSI agus Cathaoirleach an Choiste Caighdeán agus Cleachtais
  - An Dr. Anne-Marie Healy, Stiúrthóir Múinteoireachta agus Foghlama (Fochéime), Scoils na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta, TCD
  - Marita Kinsella, Uas., iar-PSI, a bhí ar an gCoiste go dtí an 16 Eanáir 2009
  - Niall O'Shea, Uas., Ceann ar Ghnóthaí Rialaithe agus Seachtracha, GlaxoSmithKline (GSK)
  - An Dr. Laura Sahm, Léachtóir sa Chógaisíocht Chlinice, Scoil na Cógaisíochta, UCC
  - Judith Strawbridge, Uas., Léachtóir sa Chleachtas Cógaisíochta, Scoil na Cógaisíochta agus Comh-Leas-Déan do Ghnóthaí Mac Léinn, RCSI
  - Diarmaid Semple, Uas., mac léinn cógaisíochta na ceathrú bliana, TCD

**Athbhreithniú ar Mhúnlaí Forbartha Gairmiúla Leanúnacha (FGL)**
D'fhoilsigh an PSI claoch ar thairiscintí maidir le hathbhreithniú ar mhúnlaí FGL i Samhain na bliana 2008. Críochnaigh an próiseas tairisceana ar an 17 Nollaig 2008. Tosóidh obair i 2009 agus táthar ag súil le tuarascáil deiridh faoi Dheireadh Fómhair 2009 ar a dhéanaí. ceadóidh torthaí na tuarascála don PSI córas a fhorbairt agus a thriail do FGL éigeantach do chógaiseoirí in Éirinn atá fianaise-bhunaithe agus a chuimseoidh modh chun FGL a athifeadadh agus a rialú.

**Clár Oiliúna Réamhchlárúcháin**
Thug 144 oiliúnaí réamhchlárúcháin faoi oiliúint le linn na tréimhse oiliúna 2007-2008. Dáileadh na socrúcháin oiliúna praiticúla mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Socrúcháin phobail 12-mí: | 106 |
| Socrúcháin ospidéil 12-mí: | 29 |
| Socrúcháin phobail 6-mhí agus socrúcháin ospidéil 6-mhí: | 8 |
| Socrúcháin phobail 6-mhí agus socrúcháin tionscail 6-mhí: | 1 |

Thosaigh 168 oiliúnaí réamhchlárúcháin oiliúint i 2008 mar chuid den bhliain oiliúna 2008-2009

Réachtáladh dhá shuí den Scrúdú Ceadúnais - Scrúdú Deireanach i 2008, i mBealtaine agus Samhain. Chuir cúigear isteach ar an suí i mBealtaine agus chuir 144 duine isteach ar an suí i Samhain, agus d'éirigh le cách. Réachtáladh dhá mheasúnú leanúnach ar an 9 Feabhra 2008 agus an 7 Meitheamh 2008.

Ba iad na Scrúdóirí don dá shuí den Scrúdú Ceadúnais i 2008 ná:
- Leonie Clarke, Uas., MPSI, Comhchomhairleoir Neamhspleách,
- An Dr. Mike Morris, MPSI, Comhairleoir Eolaíochta Sinsearach, IMB agus
- An Dr. Stephen Byrne, MPSI, Scoil na Cógaisíochta, UCC (Scrúdóir Seachtrach)

*(Is mian le PSI aitheantas a thabhairt as cúnamh agus tacaíocht UCC as rochtain agus úsáid a cheadú le PSI ar a threalamh Léitheoir Marcanna Optúla chun bileoga freagraí na n-iarrthóirí a cheartú do shuí an scrúdaithe i mí na Samhna.)*

Bhí an Cúrsa i gCógaisíocht Fhóiréinseach don bhliain oiliúna 2007-08 ann ar an 27-29 Lúnasa i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus bhí 142 oiliúnaí i láthair. Tá sé d'aidhm ag an gCúrsa na hoiliúnaithe a ullmhú do chiollabas an Scrúdaithe Ceadúnais. Thug na daoine seo a leanas léachtaí:
- Brian Kilgallen, Uas., Cigire Tréidliachta, Aonad Imscrúdaithe Speisialta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia;
- An Dr. Mike Morris, Comhairleoir Eolaíochta Sinsearach, IMB
- An Dr. Caitriona Fisher, Bainisteoir
- Cáilíochta, IMB

- Leonie Clarke, Uas., Comhchomhairleoir Neamhspleách
- Marita Kinsella, Uas., Ceann Gnóthaí Dlí, PSI
- Damhnait Gaughan, Uas., Cigire Sinsearach, Aonad Caighdeán agus Cleachtais, PSI

**Cúrsaí do Chógaiseoirí Teagaisc**
I 2008, réachtáladh cúig chúrsa do chógaiseoirí teagaisc i mBaile Átha Cliath. San iomlán, chríochnaigh 71 cógaiseoir an clár dhá lae le linn 2008.
Díobh seo, bhí 53 ón bpobal, 13 ó ospidéal, 3 ón tionscal agus 2 ón lucht acadúil.

**Measúnaithe Deireanacha do Theicneoirí Cógaisíochta**
Reáchtáil an PSI suí den Mheasúnú Deireanach do Theicneoirí Cógaisíochta ar an 1 Aibreán 2008 le hiarrthóir amháin l láthair don scrúdú. Bá é seo an suí deiridh den scrúdú seo.

**Tarmligean**
Mar thoradh ar an bhforbairt ar phróisis agus gnásanna mionsonraithe bhí gá le feidhmeanna áirithe a tharmligean, ón gComhairle don Choiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama agus/nó don Chláraitheoir, mar is cuí. Rinneadh rún a bhain le forálacha tarmligin a fhaomhadh ag an gComhairle ag a cruinniú i mí na Nollag 2008. Ina theannta sin, d'fhaomhaigh an Chomhairle Téarmaí Tagartha leasaithe don Choiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama faoi réir na hionstraime tarmligin.

**Cruinnithe**
- Ainmníodh Cathaoirleach an Choiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama, An Dr. Paul Gallagher, le freastal ar choiste measúnachta AE ar nithe a bhaineann le cáilíochtaí gairmiúla chúram sláinte agus aontachas na Cróite leis an AE.
- D'fhreastal Cathaoirleach an Choiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama, An Dr. Paul Gallagher, agus an Ceann Oideachais agus Clárúcháin, Lorraine Horgan, Uas., ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Eorpach na nDámh Cógaisíochta 2008 i Lille i Meitheamh. Ba é téama na comhdhála i mbliana ná 'Nithe nua in Oideachas na Cógaisíochta.
- D'fhreastal an Dr. Paul Gallagher agus Lorraine Horgan Uas. freisin ar an gcomhdháil Foghlaim Gairme Fadsaoil – Dearcadh critice ar FGL in Ollscoil Leeds i Meitheamh.

# FEIDHM CHLÁRÚCHÁIN AGUS AITHEANTAIS CÁILÍOCHTAÍ

**COISTE CLÁRÚCHÁIN AGUS AITHEANTAIS CÁILÍOCHTAÍ**

**Téarmaí Tagartha**

1. *Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar fhorbairt pholasaí i ngach ábhar maidir le clárúchan agus aitheantas cáilíochtaí, agus bheith ar an eolas maidir le forbairtí AE agus idirnáisiúnta i gclárú agus ceadúnú cógaiseoirí agus in aitheantas cáilíochtaí.*
2. *Na critéir a shocrú do chlárúchán agus clárúchán leantach de dhaoine (faoi réir na gcaighdeán cumais agus na gcaighdeán eile leagtha síos ag an gComhairle) agus de chógaslanna.*
3. *Bunú agus cothabháil cheart agus éifeachtach na gClár a mhaoirsiú.*
4. *I gcásanna cuí nuair a iarrtar air, comhairle a thabhairt don Chomhairle ar ainmneach dhaoine nó cógaslann a bhaint ó na Cláir.*
5. *Maoirsiú agus cuidiú leis na próisis aitheantais a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh chun críocha clárúcháin i dtaobh gach duine atá cáilithe go cuí cleachtadh.*
6. *Córas clárúcháin a mhaoirsiú, a athbhreithniú agus a dheimhniú ó thaobh cáilíochta de do ghnólachtaí cógaisíochta miondíola sainordaithe ag rialacha agus mar a oibrítear ó am go ham ag PSI.*
7. *Athbhreithniú agus iniúchadh a dhéanamh ar bhonn randamach agus faoi réir ghnásanna oibriúcháin caighdeánacha PSI, cinntí an Chláraitheora maidir le nithe a chuirtear os a chomhair faoi Chuid 4 den Acht agus Ailt 59, 60 agus 61 den Acht.*
8. *I gcomhair leis an gCoiste Forbartha Gairmiúla agus Foghlama mar choiste ceannais agus an Coiste Caighdeán agus Cleachtais, comhairle a thabhairt ar dhearadh agus forfheidhmiú chórais d'fhorbairt gairme leanúnach (FGL).*
9. *A bheith mar ionadaí ag an gComhairle, ar iarratas uaithi, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. maidir le nithe clárúcháin agus aitheantas ar cháilíochtaí.*
10. *Buiséad bliantúil a chruthú don Choiste Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Corparáidigh agus feidhmiú laistigh den bhuiséad sin.*
11. *Tuairisciú don Chomhairle ar bhonn rialta ar an ngníomhaíochtaí.*
12. *Caidreamh le Coistí eile na Comhairle de réir mar is gá.*

**Cruinnithe a Tionóladh**
Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Clárúcháin agus Aitheantais Cáilíochtaí i 2008.

**Gníomhaíochtaí**

- Rinne an Coiste Clárúcháin agus Aitheantais Cáilíochtaí maoirsiú ar mhórfhorbairt polasaí agus ghnásanna i 2008 in ullmhúchán do thús Chuid 4 den Acht Cógaisíochta 2007 (na córais clárúcháin cógaisíochta nua) agus an trasnú i dlí na hÉireann ar Theoir 2005/36/EC ar Auktheantas ar Cháilíochtaí Gairmiúla.
- Ag teacht le tosú Chuid 4 den Acht Cógaisíochta, 2007 ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar an 29 Samhain 2008, bhainistigh an PSI, faoi scáth an Choiste, clárú na ngnólachtaí cógaisíochta miondíola (cógaslanna) in Éirinn don chéad uair. I gcomhair le tacaíocht iomlán na hearnála, d'éirigh leis an PSI comhlíonadh leis an gcóras nua a bhunú faoin dáta dlite, an 31 Nollaig 2008, agus cláraíodh 1680 gnólacht cógaisíochta miondíola ar a bhunú ar an 1 Eanáir 2009. Is mar thoradh ar mhóriarracht eagraíochta de chuid an PSI trí thréimhse de dhianghníomhaíocht a cinntíodh gur cuireadh an riachtanas reachtúil seo i bhfeidhm. Chuir an PSI líne chabhrach agus seirbhís ríomhphoist ar bun chun plé le fiosruite agus chun cuidiú le húinéirí cógaslainne a n-iarratas a dhéanamh. Phléigh an líne chabhrach le breis agus 650 glaoch gutháin agus phléigh foireann PSI le 350 fiosrú eile le ríomhphost agus fón.
- Ar an 29 Samhain 2008 freisin, chuir an tAire tús le córas clárúcháin leanúnaigh do chógaiseoirí agus chúntóirí cógaisíochta (.i. an riachtanas do chláraithe uilig athchlárú ar bhonn bliantúil). D'éirigh leis an PSI, le tacaíocht na gcláraithe, an córas reachtúil seo a chur i bhfeidhm faoin dáta dlite, an 31 Nollaig 2008.
- Chun forfheidhmiú iomlán ar Chuid 4 den Acht Cógaisíochta a bhaint amach ar an dáta tosaithe, chuimsigh forbairtí a rinne an PSI, faoi scáth an Choiste, na nithe seo a leanas: próiseas clárúcháin a chruthú do na ghnólachtaí cógaisíochta miondíola (cógaslanna), lena n-áirítear triail phíolótach chuimsitheach de na foirmeach iarratais molta le réimse de chógaslanna ar fud na réimsí uilig d'úinéireacht; athbhreithniú leathan agus forbairt pholasaí chun ceithre chlár nua a bhunú, .i. trí chlár 'pearsanta' (cógaiseoirí, drugadóirí, cúntóirí cógaisíochta) agus clár na ngnólachtaí cógaisíochta miondíola; athbhreithniú ar phróisis clárúcháin a bhí ann cheana. Chuimsigh gníomhaíochtaí eile aistriú na gclár ar fad de chuid an tsean-PSI chuig na Cláir nua a rinneadh foráil dóibh san Acht Cógaisíochta 2007; a chinntiú gur cuireadh Treoir na Comhairle 2005/36/EC i bhfeidhm do chógaiseoirí ar Aitheantas ar Cháilíochtaí Gairmiúla; a chinntiú go mbeadh forfheidhmiú éifeachtach ar na bealaí éagsúla clárúcháin do chógaiseoirí; agus forbairt

ar na córais clárúcháin leanta agus próisis dos na cláir 'pearsanta'.

- D'oibrigh an Coiste go dlúth le hAonad Gnóthaí Dlí ar dhréachtadh agus athbhreithniú na rialacha reachtúla nua do chlárúchán agus do chlárúchán na ngnólachtaí cógaisíochta miondíola.
- Agus athbhreithniú déanta ar na sonraí a bhí coimeádta ag an PSI, le tacaíocht luachmhar na gcláraithe, d'fhoilsigh an PSI Clár na gCógaiseoirí ar líne agus Clár na gCúntóirí Cógaisíochta faoi réir a ndualgas faoi Alt 13 den Acht Cógaisíochta. Mar thoradh air sin, is féidir le hothair agus baill eile den phobal stádas cláraithe fhoireann cógaslainne a fhíorú.
- Bhí an fheidhm chlárúcháin páorteach freisin sa chleachtas mapála próisis a chuimsigh an dara leath den bhliain agus a chríochnaigh le forbairt na 18 mapaí próisis sa réimse seo mar a léirítear thíos:

    1. Gnólacht Cógaisíochta Miondíola Nua a Chlárú
    2. Bainistiú ar Thréimhse Oiriúnaithe/Tréimhse Oiliúna agus Scrúdú
    3. Fáil Iarratais Clárúcháin agus Athbhreithniú (Cógaiseoir)
    4. Próiseáil Iarratais Clárúcháin agus Faomhadh ar Chógaiseoir (Caighdeán AE)
    5. Próiseáil Iarratais Clárúcháin agus Faomhadh ar Chógaiseoir (Neamh-AE-Céim 1)
    6. Bainistiú ar Thréimhse Oiriúnaithe/Tréimhse Oiliúna (AE Córas Ginearálta agus Athbhunú)
    7. Aitheantas Cáilíochta agus Measúnacht ar Thréimhse Oiriúnaithe Cógaiseora (Neamh-AE-Céim 1)
    8. Clárúchán Sealadach de Chógaiseoir
    9. Teastas Clárúcháin a Eisiúint
    10. Moladh le hIarratas a Dhiúltú
    11. Clárúchán Leanúnach do Chláraithe nó Gnólacht Cógaisíochta Miondíola a Athbhunú
    12. Clárúchán Leanúnach /Meabhrán Táillí agus Éilimh ar Chláraithe
    13. Cealú Deonach ar Chláraí
    14. Athbhunú ar Chógaiseoir/Cúntóir Cógaisíochta
    15. Teastas ar Dheimhniú Cáilíochta agus/nó Stádas Gairmiúil Reatha do Chógaiseoirí
    16. Eisigh Teastas Clárúcháin Ionaid
    17. Cothabháil an Chláir (Gnólacht Cógaisíochta Miondíola)
    18. Cothabháil na gClár Pearsanta

**Tarmligean**

Mar thoradh ar an bhforbairt ar phróisis agus gnásanna mionsonraithe bhí gá le feidhmeanna áirithe a tharmligean, ón gComhairle don Choiste Clárúcháin agus Aitheantais Cáilíochtaí agus/nó don Chláraitheoir, mar is cuí. Rinneadh rún a bhain le forálacha tarmligin a fhaomhadh ag an gComhairle ag a cruinniú i mí na Nollag 2008. Ina theannta sin, d'fhaomhaigh an Chomhairle Téarmaí Tagartha leasaithe don Choiste Clárúcháin agus Aitheantais Cáilíochtaí faoi réir na hionstraime tarmligin.

**Cruinnithe**

- Bhí an PSI páirteach i bhfóram a bunaíodh chun forfheidhmiú na Treorach um Cháilíochtaí Gairmiúla agus d'fhreastal ar roinnt cruinnithe faoi stiúr na Roinne Sláinte agus Leanaí.
- Tá an PSI, ag teacht le tacaíocht ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ag glacadh páirt go gníomhach sa tionscnamh Gairmeoirí Sláinte ag Trasnú Teorainneacha (HPCB). D'fhreastal Uachtarán PSI, an Dr Bernard Leddy agus Ceann Oideachais agus Clárúcháin, Lorraine Horgan, Uas., ar Ócáid Tábla Cruinn i bPárlaimint na hEorpa, árna óstáil ag Arlene McCarthy, Uas., MEP, agus éazscaithe ag an HPCB, agus labhair Cláraitheoir PSI aige ar an ábhar 'Struchtúir agus cur chuigí éagsúla maidir le clárúchán chúram sláinte san Eoraip.'
- D'fhreastal Ceann Oideachais agus Clárúcháin, Lorraine Horgan, Uas., ar chruinniú HPCB in Oslo i mBealtaine, óstaithe ag Údarás Clárúcháin na hIoruaidhe do Phearsanra Sláinte. Bhí sé d'aidhm ag an gcruinniú seo cur forfheidhmiú an chreatlaigh do Mhalartú Faisnéise Chas le Cás agus Onnghníomhach ag Rialaitheoirí agus le tagairt ar leith don 'Mheabhrán Tuisceana Ginearálta maidir le Malartú Faisnéise Araíonachta Chas le Cás agus Onnghníomhach idir Údaráis Cumasacha agus Eagrais dá leithéid' a d'fhaomhaigh Comhairle PSI ag an gcruinniú ar an 27 Bealtaine 2008.
- D'fhreastal Ceann Gnóthaí Dlí, Marita Kinsella, Uas., ar chruinniú HPCB sa Hág i Meitheamh, óstaithe ag Roinn Sláinte na hOllaine. Bhí sé d'aidhm ag an gcruinniú forfheidhmiú na ngníomhartha rialacháin a leagtar amach i gComhaontú na Portaingéile HPCB a mheas agus a chur ar bun. D'fhreastal breis agus 60 toscaire ó 19 tíortha Eorpacha ar an gcruinniú.

**STAITISTICÍ CÓGAISEORA**

- **Clárúchán Cógaiseoirí**
  Chláraigh 146 cógaiseoir san iomlán faoin mBealach Náisiúnta Clárúcháin i 2008.
  Chláraigh 241 cógaiseoir faoin Bhealach Clárúcháin an Aontais Eorpaigh/LEE.

Ba é an líon iomlán cógaiseoirí a bhí cláraithe leis an PSI ar an 31 Nollaig 2008 ná 4465.

Léiríonn an chairt seo a leanas forbhreathnú ar staitisticí clárúcháin don tréimhse 2004-2008.

Cógaslanna pobail cláraithe leis an PSI ag 31 Nollaig 2008:

| | |
|---|---|
| Comhlacht Teoranta | 1457 |
| Trádálaí Aonair/Páirtíocht | 148 |
| Ionadaí Pearsanta | 3 |
| **Fo-iomlán** | **1608** |

Cógaslanna ospidéil cláraithe leis an PSI ag 31 Nollaig, 2008:

| | |
|---|---|
| Líon iomlán cógaslann ospidéil: | 72 |
| **Móriomlán:** | **1680** |

Aistrithe ar Úinéireacht a fógraíodh don PSI in 2008:

| | |
|---|---|
| Líon iomlán aistrithe úinéireachta cógaslainne ar tugadh fógra don PSI fúthu ag 31 Nollaig 2008: | 41 |

Oscailtí Nua a fograíodh don PSI ó 2005 go 2008:

| | |
|---|---|
| Líon iomlán oscailtí cógaslainne nua ar tugadh fógra don PSI fúthú i 2005: | 137 |
| Líon iomlán oscailtí cógaslainne nua ar tugadh fógra don PSI fúthú i 2006: | 95 |
| Líon iomlán oscailtí cógaslainne nua ar tugadh fógra don PSI fúthú i 2007: | 68 |
| Líon iomlán oscailtí cógaslainne nua ar tugadh fógra don PSI fúthú i 2008: | 66 |

Figiúr 1. Comparáid ar líon na gcláraithe ó 2004-2008 rannaithe de réir na mbealaí iarratais éagsúla

## STAITISTICÍ CLÁRUCHÁIN 2004-2008

IOMLÁN 2004 - 299
IOMLÁN 2005 - 368
IOMLÁN 2006 - 411
IOMLÁN 2007 - 420
IOMLÁN 2008 - 387

| | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| AE | 183 | 230 | 287 | 306 | 241 |
| Náisiúnta | 70 | 63 | 75 | 114 | 146 |
| Comha-lartach | 46 | 75 | 49 | | |
| Iomlán | 299 | 368 | 411 | 420 | 387 |




Nóta: Cuireadh deireadh le Bealach Comhalartach an Chlárúcháin i Meitheamh 2006 a d'oibrigh ar an mbunús go raibh aitheantas comhalartach ar cháilíochtaí cógaisíochta idir Éire agus an Astráil agus Éire agus an Nua-Shéalainn.

**Tábla 1. Comparáid ar líon na bhfógraí nua i 2008 de réir an Chontae**

| Contae | Líon na gCógaslann |
|---|---|
| Ceatharlach | 1 |
| An Cábhan | 1 |
| Corcaigh | 12 |
| Baile Átha Cliath | 15 |
| Gaillimh | 4 |
| Cill Dara | 3 |
| Liatroim | 1 |
| Luimneach | 1 |
| An Longfort | 2 |
| Lú | 4 |
| Maigh Eo | 3 |
| An Mhí | 4 |
| Uibh Fhailí | 2 |
| Ros Comáin | 1 |
| Sligeach | 1 |
| Tiobraid Árann | 4 |
| An Iarmhí | 1 |
| Port Láirge | 1 |
| Loch Garman | 3 |
| **Iomlán** | **66** |

# FEIDHM CHIGIREACHTA AGUS FHORFHEIDHMIÚCHÁIN

**COISTE CIGIREACHTA AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN**

**Téarmaí Tagartha**

1. *Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar pholasaí a fhorbairt maidir le gach gné a bhaineann le cigireacht agus forfheidhmiúchán agus chun coinneáil ar an eolas ar fhorbairtí idirnáisiúnta i réimse na cigireachta agus an fhorfheidhmiúcháin.*
2. *Tuairiscí a mheas lena n-áirítear tuairiscí ó Oifigigh Údaraithe agus chun comhairle agus moltaí a thabhairt don Chomhairle maidir le nithe a thagann go ginearálta faoi shainordú an Choiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin.*
3. *Comhairle a thabhairt d'Oifig an Chláraitheora agus maoirsiú a dhéanamh ar oibríocht éifeachtach agus éifeachtúil an Aonaid Cigireachta agus Forfheidhmiúchán.*
4. *Ar chomhairle an Chláraitheora, Oifigeach Údaraithe a bharántú agus a cheapadh do chúiseanna uilig Chuid 7 den Acht.*
5. *Athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn randamach, agus iniúchadh a dhéanamh faoi réir ghnásanna caighdeánacha oibriúcháin PSI, ar chinntí an Chláraitheora maidir le nithe a tháinig os a chomhair faoi Chuid 7 den Acht.*
6. *Moladh a dhéanamh don Chomhairle nach ndéanfaí aon ghníomh de bharr tuairisce ó na hoifigigh údaraithe i gcásanna cuí.*
7. *Moladh a dhéanamh don Chomhairle, laistigh de bhrí Chuid 7, imeachtaí araíonachta a chur ar bun faoi Chuid 6.*
8. *Moladh a dhéanamh don Chomhairle i gcásanna cuí cúisiú a dhéanamh faoi aon cheann de na hailt chuí den Acht.*
9. *I ndiaidh tuairiscí ó Oifigigh Údaraithe a mheas, laistigh de bhí Chuid 7, a iarraidh ar an gCláraitheoir cigireachtaí nó athchigireachtaí a dhéanamh de réir mar is gá.*
10. *Tuairisciú don Chomhairle ar bhonn rialta ar an ngníomhaíochtaí.*
11. *Buiséad bliantúil a réitiú don Choiste Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Corparáidigh agus feidhmiú laistigh den bhuiséad sin.*
12. *Gníomhartha a mholadh go ginearálta don Chomhairle i réimse na cigireachta agus an fhorfheidhmiúcháin.*
13. *Idirtheagmháil a dhéanamh leis na coistí Comhairle eile mar is gá.*

**Cruinnithe a Tionóladh**

Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin le linn 2008. Bhí gníomhaíochtaí an Choiste roinnte idir (a) feidhm na Cigireachta agus an Fhorfheidhmiúcháin a fhorbairt agus (b) nithe oibriúcháin leantacha lena n-áirítear láimhseáil gearáin. D'fhorbair an Coiste agus fuair faomhadh na Comhairle ar orduithe seasaimh chun oibriú an Choiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin a éascú.

**Feidhm na Cigireachta agus an Fhorfheidhmiúcháin a Fhorbairt**

Threoraigh an Clár Forfheidhmithe Oibre, a forbraíodh d'fhorfheidhmiú an Achta Cógaisíochta 2007 thar aonaid uilig an PSI, forbairt fheidhm na Cigireachta agus an Fhorfheidhmiúcháin. Bhain príomhghné na hoibre seo le linn 2008 le próisis agus gnásanna a fhorbairt do chigireacht, imscrúdú agus forfheidhmiú.

**Cigireacht**

1. Forbraíodh cúig phróiseas ar leith a chuimsíonn próisis agus gnásanna do:
2. Barántas a eisiúint/atheisiúint (Bainistiú Oifigigh Údaraithe)
3. Barántas a aisghairm (Bainistiú Oifigigh Údaraithe)
4. Cuimsíonn sé seo ceapadh Oifigeach Údaraithe agus barántais a eisiúint do:
   - chúiseanna uilig an Achta Cógaisíochta 2007, agus/nó
   - cúiseanna uilig an Achta um Bhord Leigheasra na hÉireann (1995), faoi réir Ailt 32(b) den Acht sin
5. Sceidealú agus fógairt cigireachtaí
6. Críochnú cigireachta faoi Alt 19 agus críochnú cigireachta faoi Alt 67 den Acht Cógaisíochta 2007
7. Athbhreithniú ar thátail cigireachta
8. Cuimsíonn sé seo próisis agus gnásanna chun gníomh a dhéanamh i ndiaidh machnamh ar thuairiscí ciigireacht ag an gComhairle, coiste agus Cláraitheoir faoi réir Ailt 71 den Acht Cógaisíochta 2007.

**Imscrúdú**

Forbraíodh trí phróiseas agus gnás lena n-áirítear próisis agus gnásanna do:

1. Sceidealú imscrúduithe
2. Reáchtáil imscrúduithe
3. Athbhreithniú tuairisce agus cinneadh gníomhartha ag an gCoiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin

**Forfheidhmiú**

Forbraíodh próiseas amhain chun cinntí a bhainistiú maidirle tuairiscí cigireachta agus imscrúdaithe agus do chinneadh gníomhartha ag an gCoiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin.

**Tarmligean**
Mar thoradh ar an bhforbairt ar phróisis agus gnásanna mionsonraithe bhí gá le feidhmeanna áirithe a tharmligean, ón gComhairle don Choiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin agus/nó don Chláraitheoir, mar is cuí. Rinneadh rún a bhain le forálacha tarmligin a fhaomhadh ag an gComhairle ag a cruinniú i mí na Nollag 2008. Ina theannta sin, d'fhaomhaigh an Chomhairle Téarmaí Tagartha leasaithe don Choiste Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin faoi réir na hionstraime tarmligin.

**Rialacháin agus Rialacha Reachtúla**
Chomhoibrigh an tAonad Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin le haonaid eile an PSI i bhforbairt na rialachán agus na rialacha reachtúla riachtanacha, ach go háirithe Rialacha Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (Gnólachtaí Cógaisíochta Miondíola) (Clárúchán) 2008, agus aighneacht an PSI ar Rialacháin um Rialú na nGnólachtaí Cógaisíochta Miondíola 2008, mar ullmhúchán d'fhorfheidhmiú na bhforálacha sin ó Shamhain na bliana 2008.

**Gaol Oibre le Páirtithe Leasmhara Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**
- Chuidigh an tAonad Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin le forbairt ar mheabhrán tuisceana le Bord Leigheasra na hÉireann (IMB) agus leanfaidh an tAonad ag cruthú gaolta níos dlúithe le hAonad Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin an IMB.
- D'fhreastal an tAonad Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin ar thrí chruinniú den ghrúpa oibre cigireachta agus forfheidhmiúcháin de chuid Fhóram na Rialaitheoirí Sláinte agus Chúram Sóisialta. Aithníonn an grúpa seo nithe atá i gcoiteann agus ar chomhshuim thar na rialaitheoirí agus ceadaíonn dearcadh comónta a fhorbairt agus a ghlacadh, mar is cuí.
- Leanann an PSI ag obair go héifeachtach leis an nGarda Síochána, comhairleoirí cógaisíochta pobail sa FSS, rannóg gearáin corparáide FSS, Aonad Cógaisíochta Corparáide FSS, Aonad Éileamh an Stáit, an IMB, na Ranna Sláinte agus Leanaí agus Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, na rialaitheoirí sláinte eile, grúpaí ionadaíochta othar agus Seirbhís Chustaim agus Mál na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Bíonn teagmháil rialta ann le Cumann Cógaiseoirí Thuaosceart Éireann (PSNI) agus Cumann Ríoga Cógaiseoirí na Breataine (RPSGB).

**Gníomhaíochtaí i 2008**
- Ag éirí as gearáin a fuair an PSI, rinneadh 10 gcigireacht cógaslainne i rith na bliana. Thosaigh forálacha an Achta Cógaisíochta 2007 a bhaineann le cigireachtaí agus imscrúduithe i Samhain na bliana 2008.
- Rinneadh dhá chúisiú i 2008.
- Fuair agus d'fhiosraigh an PSI 49 gearán i 2008, i gcomparáid le 35 do 2007. Is dócha go leanfaidh an treo seo in airde de réir mar a mhéadaítear ar fheasacht an phobail i dtaobh an PSI agus a chuid feidhmeanna. Tugtar briseadh síos ar fghearáin a fuarthas i bhFigiúr 2.

**Ranna Gearáin**
*CRITÉIRÍ RANNAITHE A ÚSÁIDTEAR*
*a. Faoi láthair rannaítear gach ní, ócáid agus tarlú mar ghearáin – b'fhéidir nach rannófar cuid de na tuairiscí seo mar ghearáin i gcóras gearáin amach anseo.*
*b. Sa chás go bhféadfaí gearán a rannú faoi líon áirithe ceannteidil tá tuairisc air de réir na príomhchatagóire a bhaineann leis an ní tosaigh (ó thaobh ama de).*
*c. Ní dhéantar gearáin dúbailte a chomhaireamh ach aon uair amháin.*
*d. I gcásanna áirithe is féidir le litir gearáin amháin tagairt a dhéanamh do níos mó ná gearán bailí amháin, ach mar sin féin déantar iad seo a chomhaireamh mar ghearán amháin ó tharla go n-eascrann siad ó fhoinse amháin.*

**1. Earráid Dáiliúcháin**
Áiríonn sé seo an táirge mícheart dáilte, láidreacht mhícheart de tháirge leighis dáilte, lipéadú mícheart, agus nithe a bhaineann le cógas leithleach.

**2. Leigheasra as dáta**
Áiríonn sé seo táirgí leighis atá as dáta (lena n-áirítear leigheasra oidis agus neamh-oidis araon).

**3. Eolas nó comhairle**
Áiríonn sé seo cásanna nuair a chreideann na gearánaithe gur tugadh eolas mícheart, míchruinn nó easnamhach dóibh maidir le leigheasra a fuair siad, ar oiodeas nó do leigheasra eile. Áirítear cásanna míthuisceana idir dhá pháirtí freisin.

**4. Liomhaintí ar dhrochfheidhmíocht ghairmiúil/ drochleibhéil seirbhíse lena n-áirítear sárú príobháideachta agus rúndachta**
Cuimsíonn an chatagóir seo gearáin ó iliomad foinsí a dhéanann liomhaintí faoi dhrochchaighdeáin gairmiúla nach bhfuil aon sárú ar rialachán iontu, per se. Áiríonn siad freisin liomhaintí maidir le sárú ar phríobháideachat othair ar nós comhairle a thabhairt d'othair agus daoine eile ag éisteacht.

**5. Malartú Branda**
Is é an gearán is mó faoin gceannteideal seo ná go ndéantar an branda atá ordaithe a ionadú le branda ginealach. Áiríonn sé seo freisin gearáin maidir le soláthar de tháirgí comhthreomhara

iomportáilte agus táirgí faoi chlárúchán dúbailte.

6. **Droch-Chleachtas Clinice**
   Clúdaíon an chatagóir seo earráid/breithiúnas clinice nuair, mar shampla, nár aithníodh idirghníomhaíochtaí drugaí ionchasacha, nó nuair a rinneadh breithiúnas mícheart i soláthar leigheasra.
7. **Soláthar a dhiúltú**
   Baineann sé seo le hócáidí nauir a dhiúltaítear soláthar (de ghnáth bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil an chógaiseora).
8. **Dearcadh míphroifisiúnta**
   Baineann na gearáin seo le hócáisí nauir a dhéantar caighdeáin cúirtéise a cheistiú. Féadfaidh na gearáin seo a bheith tánaisteach le fiosruithe faoi phraghsanna nó soláthar a dhiúltú.
9. **Cumas**
   Baineann na gearáin seo le líomhaintí de mhíiompar gairmiúil, feidhmiúlacht chun cleachtadh srl.
10. **Líomhaintí ar sháruithe dlí cógaisíochta/leigheasra (nó eile) nó eiticí**
    Cuimsíonn an chatagóir seo gearáin ó iliomad foinsí a dhéanann líomhaintí faoi shárú dlí cógaisíochta/leigheasra nó eiticí. Áiríonn sé freisin reachtaíocht eile (m.sh. cosaint sonraí, pleanáil, cearta tomhaltóirí srl.)
11. **Pacáistiú/cur i láthair neamhleor**
    Tagraíonn sé seo do chásanna nuair atá pacáistiú/cur i láthair mícheart ar leigheas, le drochthonchar ionchasach ar éifeachtúlacht nó seasmhacht.
12. **Eile**
    Aon ghearán eile nach bhféadfaí a rannú de réir na gcatagóirí liostaithe thuas.

| Catagóir/líon na ngearán/% | Míniú |
|---|---|
| A | Earráid dáiliúcháin |
| B | Leigheasra as dáta |
| C | Eolas nó comhairle |
| D | Liomhaintí ar dhrochfheidhmíocht ghairmiúil/droch-leibhéil seirbhíse |
| E | Malartú branda |
| F | Droch-chleachtas clinice |
| G | Soláthar a dhiúltú |
| H | Dearcadh míphroifisiúnta |
| I | Cumas |
| J | Líomhaintí ar sháruithe dlí cógaisíochta/leigheasra (nó eile) |
| K | Pacáistiú/cur i láthair neamhleor |
| L | Eile |

## CATEGÓIRÍ GEARÁIN 2008

**Figiúr 2. Briseadh síos ar rannú na ngearán a fuarthas i 2008**




| | LÍON NA nGEARAN | % |
|---|---|---|
| A | 13 | 27% |
| B | 3 | 6% |
| C | 2 | 4% |
| D | 3 | 6% |
| E | 4 | 9% |
| F | 3 | 6% |
| G | 6 | 13% |
| H | 3 | 6% |
| I | 2 | 2% |
| J | 6 | 13% |
| K | 1 | 2% |
| L | 3 | 6% |
| IOMLÁN | | |

## CATEGÓIRÍ GEARÁIN 2008

**Figiúr 3. Comparáid ar ghearáin a fuarthas i 2007 agus 2008**



# FEIDHM GNÓTHAÍ DLÍ

**FORBAIRT AR FHEIDHM GNÓTHAÍ DLÍ**

Bunaíodh feidhm Gnóthaí Dlí an PSI i ndiaidh achtú an Acht nua Cógaisíochta 2007. Ba é príomhról na feidhme seo le linn 2008 ná tacú leis an gComhairle, an Cláraitheoir agus gach roinn de PSI mar ullmhúchán d'fhorfheidhmiú an Achta.

Le linn 2008 d'oibrigh an fheidhm seo ag tacú leis an gComhairle agus leis an gCláraitheoir chun ullmhú d'fhorfheidhmiú na dara céime den Acht Cógaisíochta a tharla ag deireadh mhí na Samhna 2008. Agus an obair seo á dheánamh, d'oibrigh feidhm Gnóthaí Dlí ag tacú le forbairt pholasaí ag an PSI agus ar ullmhúchán, dréachtadh agus forfheidhmiú na rialacha reachtúla riachtanach chun éifeacht iomlán a thabhairt don Acht. Agus seo ar siúl, d'oibrigh feidhm Gnóthaí Dlí go dlúth le rannóga eile den PSI agus le comhairleoirí dlí PSI ag ullmhú d'fhorfheidhmiú fheidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais nua an PSI faoin Acht.

Freisin, d'oibrigh an fheidhm seo i gcomhair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí in ullmhúchán do thús na céime 2 den Acht Cógaisíochta agus tacaíodh leis an Roinn ina aistriú ar an Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla chomh fada agus a bhaineann le cógaiseoirí i gcomhthéacs an Achta Cógaisíochta 2007.

Sa chuid deiridh de 2008, thosaigh feidhm Gnóthaí Dlí ar an obair in ullmhúchán do thús na céime deiridh den Acht Cógaisíochta, is iad sin na forálacha a fhanann i gCuid 6 den Acht a bhaineann le gearáin, fiosruithe agus araíonacht.

**Gníomhaíochtaí**
In ullmhúchán do thús na Céime 2 den Acht Cógaisíochta (a chuimsigh forálacha a bhaineann le clárúchán cógaiseoira agus cógaslainne, oideachas agus oiliúint cógaisíochta, cigireacht agus forfheidhmiú), d'oibrigh feidhm Gnóthaí Dlí ag tacú leis an gComhairle agus i gcomhair leis na rannóga eile den PSI i bhfoirmliú polasaí, agus in ullmhúchán agus dréachtadh na rialacha reachtúla liostaithe thíos. Ina theannta sin, rinne an fheidhm, ar son na Comhairle, na próisis comhchomhairle riachtanacha agus chríochnaigh na nithe foirmeálta cuí chun na Rialacha agus Rialacháin Reachtúla seo a leanas a dhéanamh:

- Rialacha Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (Comhairle) 2008 [I.R. Uimh. 492 de 2008]
- Rialacha Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (Oideachas agus Oiliúint) 2008 [I.R. Uimh. 493 de 2008]
- Rialacha Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (Clárúchán) 2008 [I.R. Uimh. 494 de 2008]
- Rialacha Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (Gnólachtaí Cógaisíochta Miondíola) (Clárúchán) 2008 [I.R. Uimh. 495 de 2008]
- Rialacha Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (Táillí) 2008 [I.R. 496 Uimh. de 2008]

Chuimsigh réimsí gníomhaíochta eile na feidhme Gnóthaí Dlí le linn 2008:

- Tacú leis an gComhairle agus Oifig an Chláraitheora lena chinntiú gur cuireadh freagrachtaí rialaithe na Comhairle a éilítear faoi Acht 2007 i gcrích m.sh.
  - feidhmeanna reachtúla a tharmligean ón gComhairle do Choistí nó don Chláraitheoir,
  - tacú le fochoiste na Comhairle i bhforbairt phróisis toghchána Comhairle faoi réir Ailt 10 den Acht, agus
  - próiseas a fhorbairt le téarma oifige na céad Comhairle a chinneadh.
- Tacú leis an bhfeidhm Clárúcháin agus Aitheantais i:
  - córais clárúcháin a fhorbairt do ghnólachtaí cógaisíochta miondíola faoi réir Ailt 17 den Acht agus na Rialacha Reachtúla,
  - athbhreithniú agus firbairt ar ghnásanna nua do chlárúchán AE ag teacht leis an Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla.
  - bealach clárúcháin a fhorbairt do chógaiseoirí a bhfuil clárúchán neamh-AE acu faoi réir riachtanais Ailt 16 den Acht, agus
  - páirt a ghlacadh sa Tionscnamh Gairmeoirí Sláinte ag Trasnú Teorainneacha, fóraim eagraithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir leis an Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla a chur i bhfeidhm.
- Tacú le feidhm Caighdeán agus Cleachtais PSI i scaipeadh eolais maidir leis an Acht Cógaisíochta 2007, ag na cruinnithe eolais réigiúnda le húinéirí cógaslainne, bainisteoirí cógaslainne clinice agus cógaiseoirí maoirseoireachta a rinneadh ar fud na tíre le linn mhíonna Bealtaine, Meitheamh agus Iúil.
- Ghlac páirt ar son PSI agus na Roinne Sláinte agus Leanaí i gCoiste Chomhairle na hEorpa ar Chaighdeáin Cáilíochta agus Sábháilteachta i gCleachtais Cógaisíochta agus Cúram Cógaisíochta.
- Thug tacaíocht don Roinn Sláinte agus Leanaí in aistriú na Treorach um Cháilíochtaí Gairmiúla i gcomhthéacs an Achta Cógaisíochta 2007 agus maidir le riachtanais reachtúla eile faoin Acht Cógaisíochta.
- D'fhorbair clár oibre chun ullmhúchán a bhainistiú d'fhorfheidhmiú na bhforálacha sin de Chuid 6 den Acht a bhaineann le gearáin, fiosruithe agus nithe iompraíochta gairmiúla a bhfuiltear ag súil tosú leo le linn 2009. Ina theannta sin, thosaigh

obair ag deireadh 2008 ar pholasaí a fhorbairt maidir le hoibriú fhorálacha an Acht a bhaineann le gearáin agus le hioimpraíocht Act.

**Comhairle Dlí Sheachtrach**
Lorgaíodh comhairle dlí sheachtrach maidir le cúiseanna imní áirithe lena n-áirítear cuid mhór luaite thuas. Cuimsíonn roinnt eile de na nithe oibriúcháin a fuair cúnamh dlí – ciesteanna oiliúna réamhchlárúcháin, Aonaid um Chíram Sláinte Príomhúil, impleachtaí thuairisc an Choimisiúin ar Shábháilteacht Othair agus Deimhniú Cáilíochta, ceisteanna fostaíochta, básanna atá bainteach le cógaslanna pobail, ceisteanna aisliúntais, conarthaí fostaíochta srl.

Ag leanúint ar aghaidh ó lár-2007, rinne an comhairleoir dlí seachtrach, an tUas. Dominic Dowling agus a oifig próiseas díchill cuí. Chuimsigh an próiseas seo imscrúdú ar ghníomhaíochtaí uilig an tsean-PSI agus comhlíonadh an PSI nua leis na rialacháin riachtanacha a chinntiú. Cinntíonn an próiseas gur féidir leis an PSI nua a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh le caighdeán ceart de chúram atá dlite air mar rialaitheoir, agus gur pléadh le haon cheisteanna a tháinig anuas ón sean-PSI go cuí chun fadhbanna asheachaint amach anseo. Píos oibre leathan ab ea é seo ach measadh go raibh gá leis chun cáil an PSI a chinntiú.

Mar chuid den phróiseas seo, bhí ar oifig an Uas. Dominic Dowling plé le fadhbanna a fuair an PSI le hoidhreacht.  Ach go háirithe bhí gá leis an nasc idir PSI agus Bóthar Northumberland a shoiléiriú chun na dualgais cánach agus dlí uilig a réiteach lena n-áirítear léasanna a ghéilleadh, an comhlacht maoine a scrios agus ceisteanna CBL a réiteach leis na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí saothar i gceist freisin maidir leis an mhaoin ar Bhóthar Shrewsbury, lena n-áirítear réiteach ar dhlíthíocht san Ard-Chúirt le comharsa, ceisteanna maidir le tionóntachtaí iolracha a réiteach agus ciste-anna teidlíochta maoine.

Ina theannta sin, tugadh comhairle maidir le forbairt na Cáipéise um Chreatlach Rialaithe Corparáide agus clár oibre do Chuid 6 den Acht.

# FEIDHM CAIGHDEÁN AGUS CLEACHTAIS

**COISTE CAIGHDEÁN AGUS CLEACHTAIS**

**Téarmaí Tagartha**

1. *Comhairle a thabhairt don Chomhairle ar réimsí áirithe de bheartas i leith cógaisíochta mar a bhaineann sé le caighdeáin agus cleachtas, agus cur chuige straitéiseach a choimeád agus a chur chun cinn i dtreo feabhas leantach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí cógaisíochta i ngach suíomh.*
2. *Caighdeáin dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun cinn i ngairm na cógaisíochta, agus gach gníomhaíocht a éilítear faoin Acht a éascú agus a chumasú.*
3. *Monatóireacht a dhéanamh ar dheiseanna agus bagairtí sa chóras seachtrach cúraim sláinte a mbeadh tionchar acu maidir le cúram agus seirbhís ardchaighdeáin cógaisíochta a sheachadadh agus comhairle beartais leanúnach don Chomhairle a cheapadh agus a athrú agus na fachtóirí sin á dtógáil san áireamh.*
4. *Forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar threoir maidir le caighdeáin agus cleachtas i ngach earnáil de sheachadadh seirbhíse cógaisíochta agus cúram cógaisíochta.*
5. *Forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar threoir le cabhrú le cógaiseoirí agus úineirí cógaslann na caighdeáin cleachtais, idir cleachtas comhaimseartha agus cleachtas forbartha ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh chomh maith le riachtanais mar atá sonraithe ag an Aire faoi rialacháin Alt 18 den Acht.*
6. *Comhairle a thabhairt don Chomhairle agus do chógaiseorí go ginearálta maidir le ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile maidir le caighdeáin agus an cleachtas is fearr laistigh den ghairm.*
7. *Buiséad bliantúil a réitiú don Choiste Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Corparáidigh agus feidhmiú laistigh den bhuiséad sin.*

**Cruinnithe a Tionóladh**

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Chaighdeán agus Cleachtais i rith na bliana 2008. Rinne an tAonad agus an Coiste Caighdeán agus Cleachtais dianchlár oibre chun feidhm chomhairleach agus tacaíochta a chomhlíonadh i gcleachtadh na cógaisíochta, agus chuir bonn leis seo le rannpháirtíocht agus le comhchomhairle le páirtithe leasmhara agus seachadadh ghníomhartha tacaíochta do rannóga eile sa PSI.

**Gníomhaíochtaí**

Bhí Aonad Caighdeán agus Cleachtais an PSI gníomhach ina mheicníochtaí comhairleacha trí fhoilsiú fógraí cleachtais agus sábháilteachta othair, cruinnithe le cleachtóirí aonair agus cuairteanna ar shuíomhanna agus láimseáil na bhfiosruithe ar bhonn gnáthaimh le linn na bliana 2008. Bhí tús le hathbhreithniú ar phróisis, gnásanna agus meicníochtaí láimhseáil na bhfiosruithe  mar chuid den tionscnamh mapála próisis ar fud na heagraiochta.

Chuimsigh gníomhaíochtaí an Aonaid Caighdeán agus Cleachtais le linn 2008 iad seo a leanas;
Tacú leis an Aonad Cigireachta agus Forfheidhmiúcháin le 10 gcigireacht cógaslainne a dhéanamh le linn 2008, le bainistiú dhá chúisiú a críochnaíodh i 2008 agus i mbainistiú comhordaithe ar fháil agus imscrúdú fiosruithe.
In éineacht le rannóga eile sa PSI, chuir le forbairt na rialacháin agus rialacha reachtúla riachtanacha, atá riachtanach le tús na dara céime d'fhorfheidhmiú an Achta Cógaisíochta 2007, ach go háirithe saothar an PSI maidie leis na Rialacháin um Rialú Ghnólachtaí Cógaisíochta Miondíola, 2008 a rinne an tAire agus forbairt Rialacha Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (Gnólachtaí Cógaisíochta Miondíola) (Clárúchán) 2008.

- Tacú leis an Aonad Forbartha Gairmiúla agus Foghlama sa tacaíocht a thugtar do mhic léinn cógaisíochta fochéime i soláthar measúnaithe, scrúdú agus an cúrsa fóiréinseach bliantúil.
- I mí na Nollag 2008, bunaíodh comh-thascfhórsa idir PSI agus Lárionad na hÉireann don Oideachas Cógaisíochta Leantach (ICCPE), agus é de shainchúram aige comhairle a thabhairt don dá eagras maidir leis an gcaoi is fearr le comhoibriú le cógaiseoirí agus tacú leo le linn fhorfheidhmithe phríomhalt an Achta Cógaisíochta 2007, agus thosaigh pleanáil do ghníomhaíocht na bliana 2009.
- Lean an tAonad le deachumarsáid agus gaolta a choinneáil le páirtithe leasmhara, gníomhaireachtaí reachtúla agus rialaitheoirí agus ghlac páirt i roinnt fiontar nasctha ar nós an grúpa oibre threoirlíne IMB Tástáil Phointe Cúraim, grúpa oibre an Úsáideora Seirbhíse agus Rannpháirtíochta Poiblí i Rialú de chuif an Fhóraim Rialaitheoirí Sláinte agus Chúram Sóisialta agus rannpháirtíocht san ócáid Fhóram Sábháilteachta Leigheasra óstaithe ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).

**Lámhleabhar Treorach do Chleachtas Cógaisíochta**

I mí lúil na bliana 2008 seoladh an Lámhleabhar Treorach do Chleachtas Cógaisíochta (PPGM) go hoifigiúil agus chuir cleachtóirí agus an pobal fáilte roimhe. Uirlis phraiticiúil féin-iniúchta is ea é seo, a forbraíodh chun cuidiú le húinéirí cógaslainne agus cógaiseoirí iniúchadh a dhéanamh ar a gcleachtas féin, lena chinntiú go bhfuil timpeallacht cógaisíochta chuí ann agus go bhfuil na seirbhísí a thugtar raialaithe

agus curtha ar fáil ag gairmeoir cuntasach. D'fhorbair Aonad Caighdeán agus Cleachtais PSI an PPGM thar roinnt míonna i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht reatha, forálacha reachtúla, treoirlínte agus cóid cleachtais, chomh maith le caighdeáin agus treoirlínte idirnáisiúnta. Bhí an t-ionchur a fuarthas ón ngairm cleachtadh in Éirinn i bhforbairt an PPGM an-suntasach agus chuidigh go mór lena héiteas atá dírithe ar an othar.

**Taispeántais**
D'eagraigh an tAonad Caighdeán agus Cleachtais sraith de sheisiúin eolais réigiúnda ar fud na tuaithe le linn mhíonna Bealtaine, Meitheamha agus Iúil 2008. Ag na cruinnithe seo lorgaíodh an luacht freastail trí chuireadh a thabhairt d'úinéirí cógaslainne, bainisteoirí cógaslainne clinice agus cógaiseoirí maoirseachta ag gach cleachtas cógaisíochta sa tír. Don chéad uair riamh, baineadh leas as seirbhísí lárionaid glaonna chun freastal a mhéadú agus a éascú. Dhírigh na cruinnithe seo ar eolas a sholáthar agus a bheith gníomhach leis an ngairm, maidir le tús na gcéimeanna cuí den Acht Cógaisíochta 2007, lena n-áirítear clárúchán na gcógaslann. Léiríonn leibhéal ard chomhlíonadh agus rannpháirtíocht sa phróiseas clárúcháin a rinneadh ina dhiaidh sin i Nollaig 2008 go raibh an próiseas éifeachtach, agus go bhfuil lucht na gairme páirteach. Ag na cruinnithe seo, scaipeadh an PPGM, chomh maith le dréacht-rialacha reachtúla do chlárúchán na gcógaslann a d'fhorbair an PSI. Ar an iomlán, bhí 1230 duine aonair i láthair ag na cruinnithe a bhain le 1087 cleachtas cógaisíochta, is ionainn agus thart ar 65% de na cleachtais ag feidhmiú laistigh den dlínse. I ndiaidh na gcruinnithe, tugadh cóipeanna den cháipéisíocht dos na cleachtais nach raibh i láthair, ag cinntiú go bhfuair gach cleachtas cógaisíochta sa Stát cóip den PPGM.

Eagraíodh cruinnithe i gcathair Bhaile Átha Cliath (4 chruinniú le lucht freastail iomlán de 326); cathair Chorcaí (2 chruinniú le lucht freastail iomlán de 137); cathair Phort Láirge (61); Gaillimh (85); cathari Luimnigh (92); Cill Chainnigh (46); baile Shligigh (40); Bealach Féich (48); Caisleán an Bharraigh (39); Carraig Mhachaire Rois (64); Ceatharlach (46); An Uaimh (47); Cill Mhantáin (36); Áth Í (43); An Marcach (54) ; agus Baile Átha Luain (66).

**Cód Iompraíochta**
Bhí ar Chomhairle PSI, faoi réir fhorálacha an Achta Cógaisíochta 2007 Cód Iompraíochta a chruthú do chógaiseoirí. Rinneadh seo faoi scáth an Choiste Caighdeán agus Cleachtais agus faoi réir na bhforálacha mar a shonraítear in alt 12 den Acht.

Is é an Cód Iompair do chógaiseoirí an chéad Chód reachtúil a bhaineann le gairm na cógaisíochta agus bhí cógaiseoirí á lorg le fada. Rinneadh próiseas comhchomhairle lena n-áirítear cruinniú poiblí agus iarratas ar aighneachtaí, agus bhí an t-ionchur ó pháirtithe leasmhara deimhneach agus luachmhar. Cuireadh an Cod faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta dá thuairim agus thug an t-eagras sin tuairim dhearfach ina leith. Sa chruinniú ar an 2 Nollaig chuir an Chomhairle an Cód Iompraíochta i bhfeidhm agus tá sé curtha faoio bhráis an Aire le cur os comhair Thithe an Oireachtais faoi réir na riachtanas reachtúla. Beidh an tAonad Caighdeán agus Cleachtais gníomhach i 2009 ag plé leis an ngairm agus ag cuidiú le comhlíonadh iomlán.

**Próisis agus Gnásanna**
Bhí an fheidhm Chaighdeán agus Cleachtais páirteach freisin sa chleachtas mapála próisis a mhair thar an dara leath den bhliain agus a raibh mapa próisis sa réimse dar teideal Bainistiú Fiosruithe agus Fiosrúchán mar thoradh air.

# FEIDHM NA CUMARSÁIDE AGUS GNÓTHAÍ POIBLÍ

**FEIDHM NA CUMARSÁIDE AGUS GNÓTHAÍ POIBLÍ**

Dhírigh gníomhaíocht na bliana 2008 ar fhorfheidhmiú leanúnach an Achta Cógaisíochta 2007 agus an próiseas comhchomhairleach a bhaine leis. Ó 2007 i leith bhí an PSI páirteach i ndlúth-chomhchomhairle agus scaipeadh eolais maidir leis an reachtaíocht nua agus a himpleachtaí, agus leanfar de seo go dtí go mbíonn an earnáil agus an pobal ar an eolas go hiomlán faoin timpeallacht rialaithe nua a bhfuil soláthar ann dó san Acht.

Tá neart le foghlaim ó na dúshláin a thugann rialaitheoirí orthu in earnálacha eile, agus tá sé riachtanach teagmháil go héifeachtach chun dul i gcion ar páirtithe leasmhara.

Tá gaolta oibre éifeachtacha forbartha agus coinnithe le heagraíochtaí poiblí agus ionadaíochta d'othair, eagraíochtaí reachtúla lena n-áirítear FSS agus IMB, eagraíochtaí ionadaíochta gairme cógaisíochta, na Scoileanna Cógaisíochta, gairmeacha chúram sláinte eile agus na meáin.

I mí Bealtaine 2008, cuireadh leis an bhfeidhm Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí nuair a ceapadh Kate O'Flaherty nar Cheann an Aonaid. Cógaiseoir agus iar-iriseoir, tháinig Kate isteach sa PSI i 2007 mar eagarthóir ar fhoilseachán oifigiúil PSI Irish Pharmacy Journal.

**Foilseacháin agus Meáin**
Chomhordaigh an tAonad foilsiú agus soeladh sna meáin de roinnt de phríomhfhoilseacháin le linn na bliana 2008, lena n-áirítear an Tuairisc Eatramach ar thionscnamh Pharmacy Ireland 2020 agus an Lámhleabhar Treorach do Chleachtas Cógaisíochta.

Tar éis dó a bheith ina shínitheoir ar Chairt um Shábháilteacht ar Bhóithre na hEorpa, theastaigh ón PSI tacú leis an earnáil sa cheist thábhachtach seo agus sa bhliain 2008 chuir tús le comhthionscnamh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le bileog eolais phoiblí dar teideal 'Leigheasra agus Tiomáint' a seoladh ag an gCruinniú Mullaigh Cógaisíochta Náisiúnta.

Trí phreasráitis agus rannpháirtíocht ghníomhach leis na meáin chuaigh an PSI i ngleic le hiliomad ceisteanna a bhain lena ról chun a chinntiú go gcuirfí teachtaireachtaí chun cinn chun dul i gcion ar phríomhchinnteoirí agus ar pháirtithe leasmhara.

**Comhchomhairle Phoiblí agus Cruiunnithe le Páirtithe Leasmhara**
Mar eagras reachtúil chomhlíon an PSI lena dhualgais maidir le comhchomhairle agus rannpháirtíocht an bpáirtithe leasmhara a chinntiú, ach go háirithe ar impleachtaí na reachtaíochta nua, agus lean an tAonad lena chuiud oibre ar thacú agus gairmiú ar phróisis agus spriocanna cumarsáide PSI.

Chuidigh an tAonad le sraith de chruinnithe le páirtithe leasmhara a tionóladh faoin tionscnamh Pharmacy Ireland 2020 ina raibh 35 eagra éagsúil páirteach, lena n-áirítear grúpaí ionadaíochta d'othair agus don phobal, eagrais ionadaíocht cógaisíochta agus chúram sláinte eile, forais acadúla agus eagrais eile reachtúla agus rialaithe. Bhí na cruinnithe seo an-taaibheach chun naisc a bhunú agus a fhorbairt le príomhghrúpaí páirtithe leasmhara, agus chun cáil an PSI a chur chun cinn PSI.

Thug sé tacaíocht freisin don Aonad Caighdeán agus Cleachtais le sraith de chruinnithe eolais a chomhordú agus a sheachadadh d'úinéirí cógaslainne agus do chógaiseoirí chun an Lámhleabhar Treorach do Chleachtas Cógaisíochta a scaipeadh agus chun na riachtanais do chláruchán na ngnólachtaí cógaisíochta miondíola.
Rinneadh comhchomhairle phoiblí reachtúil freisin maidir leis na róil reachtúla a d'fhorbair an PSI mar ullmhúchán don dara céim d'fhorfheidhmiú an Achta Cógaisíochta 2007, agus ar an gCíód Cleachtais do chógaiseoirí.

Ina theannta sin, thosaigh an tAonad ag obair, i gcomhair leis an Aonad Forbartha Gairme agus Foghlama, agus leis an Aonad Caighdeán agus Cleachtais, ar ghníomhaíocht na bliana 2009 a phleanáil don chomhthascfhórsa PSI/ICCPE, a bunaíodh i mí na Nollag 2008, agus é de shainchúram aige comhairle a thabhairt don dá eagras maidir leis an gcaoi is fearr le

comhoibriú le cógaiseoirí agus tacú leo le linn fhorfheidhmithe phríomhalt an Achta Cógaisíochta 2007.

Tá na tAonad páirteach freisin sa ghrúpa oibre um Chomhchomhairle Phoiblí de chuid Fhóram na Rialaitheoirí Sláinte agus Chúram Sóisialta, a fhéachann le nithe atá i gcoiteann agus ar chomhshuim thar na rialaitheoirí a aithint agus a cheadaíonn dearcadh comónta a fhorbairt agus a ghlacadh, mar is cuí.

Le linn na bliana 2008 tionóladh ceithre chruinniú sceidealaithe Chomhairle PSI ar fud an náisiúin, ach go háirithe in ollscoileanna ina bhfuil Scoileanna Cógaisíochta – i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn i mí feabhra, i gColáiste na hOllscoile Corcaigh mí Bealtaine, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh mí Dheireadh Fómhair agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mí na Nollag. I ndiaidh gach cruinniú den Chomhairle bhí fóram comhchomhairle ann a raibh

páirtithe leasmhara i láthair acu, agus a chuimsigh láithreoireachtaí agus plé ó roinnt cainteoirí clúmhara ar réimsí ábhair, lena n-áirítear athghairmiú na cógaisíochta, othair i gcontúirt a chosaint, impleachtaí oideachais athruithe ar chleachtas na cógaisíochta agus sábháilteacht othair. Bhain an Chomhairle úsáid as na cruinnithe seo chun mórcheisteanna eitice, dlí, oideachais agus gairme a phlé a bhain le forfheidhmiú na reachtaiochta.

Lean an tUachtarán agus an Cláraitheoir de chomhcomhairle leis an earnáil pholaitiúil, agus bhí cruinnithe leis an Taoiseach Brian Cowen, an tAire Sláinte agus Leanaí Mary Harney, an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta Martin Cullen, an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Brendan Smith, chomh maith le hurlabhraithe sláinte an Fhreasúra agus Comhchoiste an Oireachtais ar Shláinte agus Leanaí.

**Cruinniú Mullaigh Cógaisíochta Náisiúnta**
D'fhreastal cógaiseoirí ó bhainsí uilig na gairme, mic léinn cógaisíochta, eagrais ionadaíochta agus tacaíochta d'othair, ionadaithe ó na gairmeacha leighis agus altrachta, an tionscal cógaisíochta, eagrai reachtúla, gairmeoirí sábháilteachta leigheasra, agus na meáin cógaisíochta agus ginearálta ar an gCruinniú Mullaigh Cógaisíochta Náisiúnta, a tionóladh ar an 4 Samhain sa Bhrú Ríoga, Cill Mhaighneann. Bhí an tAire Aláinte agus Leanaí Mary Harney agus oifigigh óna Roinn i láthair, mar abhí an tUas. Raymond Anderson, Uachtarán Chumann Cógaiseoirí Thuaisceart Éireann.

I measc na gcainteoirí ag an ócáid bhí an saineolaí Eorpach ar dhrugaí agus tiomáint, an Dr. Han de Gier a labhair faoin ngá le breis feasachta poiblí ar an gceist seo. Seoladh bileog eolais phoiblí i gcomhair leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. I measc na gcainteoirí eile bhí an Dr. Catherine Duggan, Ollscoil Londain, ar bhotúin leigheasra agus bainistiú priacail, an Dr. Almath Spooner de Bhord Leigheasra na hÉireann, a labhair faoi fhorairdeall cógaisíochta agus faoi ról an chógaiseora sa ghníomhaíocht thábhachtach seo, agus An tOll. Joy Wingfield, Ollscoil Nottingham, a labhair faoi na prionsabail eitice a rialaíonn gairm na cógaisíochta.

Tugadh Armas nua PSI go foirmiúil don Aire ag an ócáid seo.

**Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta**
Tá tábhacht le rannpháirtíocht ag leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta d'fhonn a chinntiú go gcloistear ár dtuairimí agus go bhfuil tionchar againn ar chinnteoirí agus ar dhéantóirí polasaí. Trí Choimisiún an AE, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa (MEPanna) agus leibhéal Chomhairle na hEorpa agus eagrais ar nós ana hEagraiochta Domhanda Sláinte (WHO) agus fóram idirnáisiúnta na rialaitheoirí, tá deis agus freagracht ag rialaitheoirí reachtúla ar nós PSI cion tairbhe a dhéanamh agus féachaint tionchar a bheith acu. Rinne an Cláraitheoir, an tUachtarán agus foireann PSI cion tairbhe suntasach i 2008, agus bhuail an Cláraitheoir le Coimisinéir Sláinte an AE agus thug óráid ag fochoiste de Pharlaimint na hEorpa.

Tá an PSI gníomhach sa tionscnamh Gairmeoirí Sláinte ag Trasnú Teorainneacha (HPCB) agus tionólfaidh sé cruinniú an earraigh i 2009.

Tá an PSI ina bhall den Chónaidhm Idirnáisiúnta Cógaisíochta (FIP), grúpa domhanda cógaisíochta a bhfuil caidreamh oifigiúil aige leis an Eagraiocht Dhomhanda Sláinte. Ag Comhdháil bhliantúil FIP i mBasel i Lúnasa 2008 bhí an PSI i gceanans ar thoscaireacht na hÉireann chun iarratas a dhéanmah ar Chomhdháil FIP a thionól in Éirinn amach anseo. Tá obair déanta ar an iarratas seo ag deireadh na bliana 2008 agus ag deireadh Dheireadh Fómhair d'éascaigh an PSI cuairt ar Bhaile Átha Cliath ag comhaltaí sinsearacha den FIP nuair a bhuail siad leis an Taoiseach, na hAirí Sláinte agus Leanaí agus Ealaíon, Spóirt agus Turasóireacht, chomh maith le gníomhaireachtaí eile d'fhonn a dheimhniú dóibh go mbeadh raibh an rialtas ag tacú leis an iarratas ar FIP. Táthar ag súil le cinneadh ar thionól Comhdhála in Éirinn go luath i 2009.

**Irish Pharmacy Journal agus Suíomh Gréasáin PSI**
leanadh den athbhreithniú ar bhealaí cumarsáide PSI, is é sin an Irish Pharmacy Journal agus suíomh gréasáin PSI i 2008. Rinneadh an IPJ a nuashonrú go suntasach chun go mbeidh sé níos baintí leis an ngairm ag cleachtadh agus níos baintí le stádas PSI mar rialaitheoir reachtúil.

Déantar an suíomh gréasáin a nuashonrú go gníomhach agus moltar don earnáil agus don phlbal an urlis cumarsáide luachmhar a úsáid. Tá straitéis cumarsáide oscailte agus trédhearcach ann agus bíonn tuaiiriscí rialta ar ghnó agus ar ghníomhaíochtaí an Comhairle agus PSI ar fáil ar an suíomh. Déanfar na bealaí cumarsáide seo a uasghrádú agus a leasú go suntasach sa bhliain 2009 ag teacht leis an bpróiseas athbhreithnithe.

# FEIDHM RIARACHÁIN, AIRGEADAIS AGUS RIALAITHE CHORPARÁIDIGH

**COISTE RIARACHÁIN, AIRGEADAIS AGUS RIALAITHE CHORPARÁIDIGH**

**Téarmaí Tagartha**

1. *Creat a fhorbairt do rialachas corparáideach agus airgeadais an PSI de réir threoirlínte an Rialtais agus an chleachtais is fearr a ghlactar leis, agus cinntiú go bhfuil na bealaí ar fáil le géilleadh le creat den sórt sin a sheiceáil agus a thomhas go seachtrach agus go hinmheánach.*
2. *Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin agus cleachtais reatha agus cinntiú go gcoimeádtar múnla agus creat an PSI suas le dáta.*
3. *Féachaint thar ghnóthaí airgeadais an PSI lena n-áirítear a bhuiséad bliantúil agus buiséid na gCoistí Comhairle a fhaomhadh.*
4. *Cinntiú go ndéantar sócmhainní an PSI a bhainistiú go críonna agus go gcuirtear chun tairbhe iad.*
5. *Tabhairt faoi anailís agus meastóireacht priacail maidir le haon phriacail ardleibhéil a d'fhéadfadh bagairt ar an PSI agus ag é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna nó dochar a dhéanamh dá údarás agus dea-chlú.*
6. *Dul i mbun próisis inmheánaigh um dícheall cuí ionas go ndéantar oibleagáidí na Seansochaí a dhíscaoileadh nó a aistriú ar bhealach comhchuí a chuidíonn leis an PSI*
7. *Idirtheagmháil a dhéanamh leis an gComhairle, an Coiste Iniúctha, agus Coistí eile den PSI mar is cuí.*
8. *Taifead a choimeád ar a chuid cinntí agus moltaí*
9. *Tuairisc a thabhairt don Chomhairle nuair a iarrtar déanamh amhlaidh*
10. *Ar chúinsí eisceachtúla nuair a thagann ceisteanna chun cinn maidir lena oiriúnaí agus a bhfuil a cuid gnó á dhéanamh ag an gComhairle, aird Choiste Iniúctha Seachtraigh an PSI agus/nó a chuid comhairleoirí dlíthiula a tharraingt ar na ceisteanna sin.*

**Cruinnithe a Tionóladh**

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Riaracháin, Airgeadais agus Rialaithe Chorparáidigh le linn 2008.

**AONAD RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS**

Tá an fheidhm Riaracháin agus Airgeadais freagrach as na réimsí seo a leanas:

- Bainsistiú airgeadais agus airgid tirim
- Acmhainní daonna
- Scéimeanna pinsin foirne
- Bainistiú maoine agus sócmhainne
- Riarachán ginearálta

**Gníomhaíochtaí**

Chuimsigh gníomhaíochtaí réimse Airgeadais PSI i 2008 iad seo a leanas:

- Táillí a bhailiú agus a lóisteáil (féach thíos)
- Comórtais tairisceana - 6
- Teagmhais íoctha foirne - 12
- Líon na sonrasc a próiseáladh - 962
- Líon na seiceanna a próiseáladh - 610
- Líon na bhfoirmeacha dochar díreach a próiseáladh - 707
- Athbhreithniú ar phunann maoine
- Athbhreithniú ar shocruithe bainistíochta airgid tirim
- Scéim aoisliúntais nua a ullmhú
- Ullmhúchán agus iniúchadh ar chuntais 1 Ean 2007 go 22 Bealtaine 2007
- Ullmhúchán agus iniúchadh ar chuntais 22 Bealtaine 2007 go 31 Nollaig 2007
- Scriosadh Deonach de Northumberland Property Ltd agus a ghníomhaíochtaí a aistriú go PSI.
- Plean Seirbhíse 2009 a ullmhú

Bhí an fheidhm Riaracháin agus Airgeadais páirteach freisin sa chleachtas mapála próisis a mhair don dara leath den bhliain agus a raibh na seacht mapa próisis i réimsí Próiseála Táillí agus Riaracháin agus Airgeadais chríochnaigh mar a léirítear thíos mar thoradh air:

1. Próseáil Táillí
2. Ceannacháin < €50,000
3. Ceannacháin > €50,000
4. Ceadú sonraisc
5. Próiseáil Iocaíochtaí
6. Earcú
7. Earcú (bainistiú thréimhse phrofa)

**Bailiúchán Táillí**

Faoin seanchóras clárúcháin seoladh thart ar 4900 foirm athnuachana táillí do 2008 chuig cógaiseoirí agus cúntóirí cógaisíochta. Íocadh 78% de na táillí seo agus seoladh thart ar 1050 meabhrán táillí chuig cógaiseoirí agus cúntóirí cógaisíochta. Cuireadh meabhrán breise táillí chuig 286 cógaiseoirí agus cúntóirí.

Ar an 29 Samhain 2008, cuireadh tús le córas nua de chlárúchán leanúnach. Fuair an PSI líon mór de tháillí ó chógaiseoirí, cúntóirí cógaisíochta agus gnólachtaí cógaisíochta miondíola sa tréimhse trí sheachtaine go dtí deireadh na bliana 2008.

**Bainistíocht Airgeadais**
Thig an PSI aghaidh ar an-chuid dúshláin airgeadais sa bhliain 2008. Bhí orainn plé le mórfhadhbanna ar nós na moille i dtabhairt isteach na dtáillí do chlárú ghnólachtaí cógaisíochta miondíola, leasú ar ár mbuiséad Phlean Seirbhíse dá bharr, an titim gan choinne sa mhargadh maoine agus easpa suime ceannaitheoirí inár bhfoirgnimh ar Bhóthar Shrewsbury agus Bóthar Northumberland i mBaile Átha Cliath. Rinne Comhairle, bainistíocht agus foireann PSI gníomhartha cuí chun ár bPlean Seirbhíse a leasú i rith na bliana agus chinntigh go raibh an PSI in ann a chuid dualais a chomhlíonadh i rith na bliana. Léiríonn tuairisc na nIniúchóirí, an cuntas ar ioncam agus caiteachas don bhliain agus an clár comhardaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2008 na gníomhaíochtaí airgeadais agus na torthaí a bhí orthu sin don bhliain.

Mheas buiséad bunaigh €5.586m a faomhadh sa Phlean Seirbhíse 2008 go mbeadh ioncam €2.575m ó tháillí clárúcháin ghnólachtaí cógaisíochta miondíola. i rith na bliana, cuireadh na pleananna chun táillí a thabhairt isteach ar athló foai dhó ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Cheadaigh an tAire na táillí ar an 28 Samhain 2008 chun tosú ar an 1 Eanáir 2009. Mr thoradh ar chailltenas an ioncaim a cuireadh san áireamh inár bPlean Seirbhíse bunaidh bhí leasauithe de dhíth ar chuid de chláir a bhí beartaithe do 2008 ó tharla gur leag Acht Cógaisíochta 2007 freagrachtaí nua ar an PSI agus bhí sé riachtanach freisin córais nua a cheannach agus a shuiteáil

chun plé lsie na córais clárúcháin nua. Rinne an Chomhairle machnamh ar mholtaí chun plé leis an staid agus cheadaigh athruithe ar an bPlean Seirbhíse ag na cruinnithe den 7 Deireadh Fómhair 2008 agus den 2 Nollaig 2008.

B'iad seo a leanas na príomhathruithe ar an bPlean Seirbhíse bunaidh:

- Laghdú ar tháillí clárúcháin ghnólachtaí cógaisíochta miondíola ó €2.575m go dada.
- Aistriú €1.5m ón gcuntas cúlchiste ioncaim agus caiteachais chun oibríocht na bliana 2008 a mhaoiniú.
- Gan poist a raibh soláthar dóibh i bPlean Seirbhíse a líonadh i réimsí áirithe:
- Cigireacht agus Forfheidhmiú
- Clárúchán
- Oideachas
- Gnóthaí Seachtracha
- Caighdeáin agus Cleachtas
- Oiriúnacht do Chleachtas
- Riarachán agus Airgeadas
- Laghdú ar Mhaoiniú don Chomhchlár Tacaíochta Sláinte Ghairmeoirí Sláinte.
- Laghdú ar chostais chun treallamh ríomhaireachta agus eile a ionadú.
- Athbhreithniú ginearálta ar na costais uilig agus srianta nuair is féidir.
- Bhí tionchar ag easpa poist a líonadh ar nithe ar nós costais oifige, taisteal agus cothabháil agus costais fóin.
- Níor leanadh ar aghaidh le hoifigí réigiúnda a bhí beartaithe agus sábháladh cíos agus costais eile.
- Gearradh sair ar chostais Sheachtain na Cógaisíochta.
- Cuireadh tionscnaimh comhchomhairle nach raibh tosaithe cheana ar athló.

**Maoin**
In Eanáir na bliana 2008 cheadaigh an Chomhairle rún chun na foirgnimh ar Bhóthar Shrewsbury agus ar Bhóthar Northumberland, Baile Átha Cliath a dhíol agus an t-airgead a úsáid chun ceannoifig a bhí cuí don chúis a fháil. Cuireadh na foirgnimh ar fáil ar Thairiscint Phoiblí ar an gcéad dul síos agus ansin ar Conradh Príobháideach. Go dtí seo ní taibh aon tairiscint shásúil do cheachtar foirgneamh. Tá dul chun cinn srianta

mar thoradh ar an teip sa mhargadh maoine in Éirinn agus ar fud an domhain, maraon leis an srian láidir ar mhaoiniú ón gcóras baincéireachta. Tá na pleananna d'ár riachtanais ceannoifige á n-áthbhreithniú.

**Aoisliúntas**
Bhí soláthar san Acht Cógaisíochta 2007 do scéim aoisliúntais a bhunú d'fhoireann PSI. Tá scéim ceadaithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí bunaithe ar Mhúnla Scéime na Roinne Airgeadais. Tá dianphlé ar bun leis an dá Roinn ar nithe teicnúla a bhaineann leis an scéim. Caithfear an scéim a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach ó Bhealtaine 2007.

**Northumberland Properties Ltd**
Rinne stiúrthóir fhochomhlacht PSI, Northumberland Properties Ltd (NPL) athbhreithniú ar a chuid imeachtaí agus rinne moladh do Chomhairle PSI. Ghlac an Chomhairle leis d'aonghuth go ndéanfaí NPL a fhiorceannadh agus go n-aistreofaí a chuid gníomhaíochtaí go dtí an PSI. Aistríodh na sócmhainní agus dliteanais go dtí an PSI i nDeireadh Fómhair 2008. Tá gach ábhar dlí agus airgeadais a bhaineann le NPL lena n-áirítear ceisteanna cánach réitithe ag an PSI.

**Acmhainní Daonna**
Rinneadh analiís ar riachtanais forbartha na heagraíochta chun an tAcht Cógaisíochta 2007 a chur i bhfeidhm sa ghearrtéarma. Earcaíodh líon áirithe foirne mar ionadaithe ar fhoireann a d'fhág PSI.

Tá athbhreithniú iomlán déanta ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) ar lámhleabhar d'fhostaithe lena chinntiú go bhfuil sé ag cloí go hiomlán le reachtaíocht chuí agus tá sé á leasú faoi láthair chun moltaí IBEC a chur in iúl.

**Coiste Iniúchta**
Cheadaigh an Chomhairle Coiste Iniúchta nua ag an gcruinniú ar an 11 Nollaig 2007 agus bhí cúig chruinniú aige i 2008. Rinneadh Cairt an Choiste Iniúchta a athbhreithniú agus cheadaigh an Chomhairle í ag an gcruinniú ar an 2 Nollaig 2008. Chríochnaigh na hiniúchóirí inmheánacha athbhreithniú leantach ar bhaincéireacht agus airgeadas i Meitheamh 2008 agus tuairisc ar shlándáil

teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) i Nollaig na bliana 2008.

**Comhchlár Tacaíochta Sláinte Ghairmeoirí Sláinte Bunaíodh Comhchlár Tacaíochta Sláinte** Ghairmeoirí Sláinte (CHPHSP) chun cúram a sholáthar do chógaiseoirí agus gairmeoirí sláinte eile le fadhbanna sláinte, ag teacht le polasaí Chomhairle PSI agus Rialaitheoirí eile. Tá an clár seo neamhspleách ar na rialaitheoirí agus faoi rún go hiomlán dos na daoine atá páirteach.

Bhí caiteachas eisceachtúil de €34,411 ann i 2008 chun tacú le roinnt cógaiseoirí nach raibh ag cleachtadh go deonach. De réir mar a théann forfheidhmiú an Achta Cógaisíochta 2007 chun cinn beidh sé riachtanach dos na cógaiseoirí a bhfuil drochshláinte orthu, ach go háirithe fadhbanna spleáchais agus andúile, a threorú i dtreo chlár cuí cúraim agus cóireála. De rogha air sin, bheadh táillí arda dlí i gceist chun cógaiseoirí a bhaint ón gclár. Fáiltíonn an PSI roimh bhunú an CHPHSP neamhspleách a fhreastalóidh ar riachtanais na ngairmeoirí sláinte. Tuigtear dúinn go bhfuil maoiniú á lorg ag CHPHSP ó fhoinsí agus rialitheoirí.

**Ciste Cuimhneacháin James Coleman**
D'fhág an tUas. James Coleman, iar-Chláraitheoir de chuid an tsean-PSI, fuílleach a eastáit do Chomhairle PSI chun sparántacht oideachais a bhunú chun leasa na mac léinn a mheastar tacaíocht airgeadais a bheith de dhíth orthu atá ag iarraidh a bheith ina gcógaiseoirí. Chun mianta an Uas. Coleman a éascú, bhunaigh Uachtarán agus Comhairle an tsean-PSI Ciste Cuimhneacháin James Coleman. Tá ar Bhord na nIontaobhaithe an ciste a chaitheamh ar scoláireachtaí a bhunú agus a chothabháil, ar a dtugtar Scoláireachtaí James Coleman.

I 2008 bhronn Iontaobhaithe ar Iontaobhas James Coleman Trust €2,000 an duine ar cheithre iarrthóir don bhliain acadúil 2008/2009. Lorgófar tuilleadh iarrthóirí i Lúnasa 2009 don bhliain acadúil 2009/2010 agus tá sé i gceist amach go mbualfaidh na hiontaobhaithe go luath i Samhain 2009 chun na hiarratais a mheas agus chun an scoláireacht a bhronnadh ar na daoine cuí.

## FEIDHM NA TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Mar chuid den tionscnamh mapála próisis, rinneadh athbhreithniú ar riachtanais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a cheadódh forfheidhmiú na bpróiseas agus na ngnásanna nua. Thug sé seo imlíne ardleibhéil ar an timpeallacht córais don PSI amach anseo, agus príomhghné de seo ab ea nascadh agus comhtháthú idir na codanna éagsúla den chóras. Tá sé seo á dhéanmah chun a chinntiú go bhfuil gach faisnéis chuí ann thar aonaid gnó PSI ar bhealach comhordaithe. Forbrófar mapa agus plean forfheidhmithe don chlár seo i 2009.

Seoladh córas bhunachar sonraí nua do chlárúchán go rathúil go luath i 2008. Tá sé seo mar bhunús le córais amach anseo agus beidh sé i gcroílár phróisis agus ghnásanna PSI. Rinneadh tacaíocht theicniúil, óstaíocht agus oibriú an chórais a fhoinsiú allamuigh de sholáthróir seirbhíse bainistithe.

Cheadaigh an córas nua clár a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin PSI chun ceadú do bhaill an phobail agus páirtithe leasmhara eile eolas ar leith a chuardach ar cháraithe. Thosaigh sé seo i Meán Fómhair 2008, ar dtús do chógaiseoirí cláraithe, cúntóirí cógaisíochta agus drugadóirí. Forbrófar áis dá leithéid do chlár na ngnólachtaí cógaisíochta miondíola nuair a bhunófar é.

Rinneadh dearadh agus forbairt na bpróiseas agus na gcóras do chlárúchán na nGnólachtaí Cógaisíochta Miondíola i 2008. Cheadaigh sé seo bunú an chláir ar an 1 Eanáir 2009.

Thosaigh obair ar áiseanna ar líne a fhorbairt do cháraithe a cheadóidh dóibh míreanna cuí a bhaineann lena mionsonraí clárúcháin a nuashonrú ar líne agus freisin a cheadóidh dóibh táillí clárúcháin agus eile a íoc ar líne. Cuirfear é seo i gcrích i 2009.

Suiteáladh córas nua bainistíochta airgeadais freisin i 2008.

# TUAIRISC AIRGEADAIS (DON TRÉIMHSE 1 EANÁIR 2008 – 31 NOLLAIG 2008)

**Summary**
Tá iniúchadh ar na ráitis airgeadais bliantúla 2008 déanta ag Anne Brady McQuillan DFK.

Seo iad na chéad ráitis chun bliain iomlán gníomhaíochta de chuid an PSI a chlúdach. Chlúdaigh na cuntais roimhe seo an tréimhse ón 22 Bealtaine 2007, nuair a bunaíodh an, go dtí an 31 Nollaig 2007.

Ba é costas an Psi a oibriú i PSI i 2008 ná €4.163m. Ba é an t-ionacm don bhliain ná €2.581m. Bhí glaneasnamh ar oibríochtaí na bliana ann de €1.582m. Tharla an t-easnamh de bharr chinneadh na Roinne Sláinte agus Leanaí chun tabhairt isteach na dtáillí do Ghnólachtaí Cógaisíochta Miondíola (RPB) a chur ar athló go dtí Eanáir 2009.

Bhí muirear cánach €14.197 ann, agus easnamh iomlán don bhliain dá bhrí sin de €1.597m.

Léiríonn an clár comhardaithe mar a bhí ag an 31 Nollaig 2008 gur sháraigh glanshócmhainní na dliteanais faoi €2.740m. Léirítear seo ag cúlchiste athluachála de €1.361m agus cúlchiste ioncaim agus caiteachais de €1.379m.

Deir na hiniúchóirí gurb é a dtuairim ná go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais ar staid ghnóthaí an PSI ar an 31 Nollaig 2008 agus ar a fharasbarr de chaiteachas thar ioncam don bhliain. Dearbhaíonn siad freisin go bhfuair siad an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasadar a bheith riachtanach chun críocha an iniúctha agus ná gur choimeád an PSI leabhair chearta cuntais.

**Torthaí Airgeadais 2008**
Tugtar na torthaí airgeadais do 2008 san Ráitis Airgeadais 2008 iniata. Léiríonn Tábla 1 thíos an toradh iomlán.

Tá an glanbharrachas de €1.596m maoinithe ó fharasbarr coinnithe ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais mar atá aontaithe ag an gComhairle. Laghdaítear an comhardú de €2.975m ag an 31 Nollaig 2007 go €1,378m ag an 31 Nollaig 2008. Carnadh an comhardú sa chuntas ioncaim agus caiteachais ag Comhairle an tsean-PSI chun cuid de na costais a

Toradh an chaiteachais don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2008

| | Buiséad Bunaidh | Leasaithe Deireadh Fómhair 2008 | Leasaithe Nollaig 2008 | Toradh | Athrú | % Athrú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | % |
| **Ollioncam** | **5,586*** | **3,887**** | **2,887***** | **2,581** | **306** | **10%** |
| Costais Pá | 2,030 | 1,647 | 1,647 | 1,500 | (147) | (9%) |
| Costasi Neamhphá | 2,669 | 2,042 | 2.042 | 1,949 | (93) | (4.5%) |
| Forbairt | 885 | 675 | 675 | 728 | 53 | 8% |
| **Ollchaiteachas** | **5,584** | **4,346** | **4,346** | **4,177** | **(187)** | **(4%)** |
| **Athrú-Ciste ó Chúlchistí** | **0** | **477** | **1,477** | **1,596** | | |

* Áiríonn €2.4m ó tháillí Clárúcháin RPB
** Áiríonn €1m ó táillí Clárúcháin RPB
*** Ní áiríonn aon táillí ó Chlárúchán RPB

rabhthas ag súil leo i mbunú na Comhairle nua agus ullmhú dos na freagrachtaí breise a bheadh aige a ghlanadh. Bhí sé thar a bheith úsáideach an ciste seo a bheith ar fáil nuair nár tháinig an t-ioncam de €2.4m de tháillí Ghnólachtaí Cógaisíochta Miondíola a rabhthas ag súil leo i 2008. Tá sé tábhachtach go bhfuil ciste láidir teagmhasachta ar fáil ag an PSI do theagmhais a d'fhéadfadh tarlú de réir mar a théimid ar aghaidh leis an Acht Cógaisíochta 2007.

Mar thoradh ar an laghdú i gcistí a bhí ar fáil don PSI bhí gá le leasuithe ar an bplean caiteachais a aontaíodh sa Phlean Seirbhíse bunaidh 2008. Rinneadh sábháil sna réimsí seo a leanas:

- Gan poist a líonadh ach go háirithe sa réimse Cigireachta agus Forfheidhmithe
- Oilíunt agus forbairt
- Cló agus stáiseanóireacht
- Costais oifige agus treallamh
- Gan oifigí réigiúnda a oibriú
- Laghdú ar mhaoiniú don Chomhchlár Tacaíochta Sláinte Ghairmeoirí Sláinte
- Gearradh siar ar chostais 'Sheachtain na Cógaisíochta'
- Roinnt tionscnaimh comhairleoireachta curtha ar athló
- Laghdú i gcostais ghinearálta

Bhí drochstaid airgeadais ann i 2008 de bharr na nithe luaite thuas agus de bharr an staid eacnamaíocht in Éirinn agus ar fud an domhain. Bhí an-éiginnteacht i rith na bliana ach bhí ar an PSI leanúint lena fhreagrachtaí bunaithe agus forbairtí nua chur ar bun ón Acht Cógaisíochta 2007. Cúis mórtais do chách, Comhairle, Coiste R, A agus RC, bainistíocht agus an fhoireann gur baineadh toradh airgeadais réasúnta sásta amach.

**Bainistiú Airgid Tirim**
Agus cead tugtha ag an Aire Sláinte agus Leanaí do tháillí na bliana 2009 ag deireadh mhí na Samhna 2008, thosaigh sruth an airgid tirim agus sroicheadh barrphointe faoi Nollaig 2008.

Ba é an comhardú bainc ag 31 Nollaig 2008 ná €2.3m. Bhí uasphointe rótharraingte ar an 4 Nollaig ag €986,173.98.
(Ba é an comhardú bainc ag 12 Feabhra 2009 ná €4.26m a bhfuil €4m i dtaisce.)
Oibreofar plean bainistíochta airgid tirim le linn 2009 chun an leas is fearr don PSI a bhaint amach.

**Costais Pá**
Ba iad costais iomlán pá an PSI i 2008 ná €1.5m.
Ba é meánlíon na foirne a fostaíodh le linn 2008 ná 19.

Tá tuarastal an Chláraitheora ceadaiteh ag an Aire Sláinte agus Leanaí agus grádaithe ag leibhéal an Rúnaí Cúnta/Ollamh Olscoile/Príomhfheidhmeannach leibhéal 3. Tá teidlíocht ann faoi réir ailt 13 (2) de Sceideal 1 den Acht Cógaisíochta 2007 do liúntas atá nasctha le feidhmíocht de réir mar a cheadófar ó am go ham. Tá treoir tugtha an an Aire Airgeadais nach n-íocfar aon liúntas a bhaineann le feidhmíocht dos na gráid seo don bhliain 2008.

Íoctar tuarastail ag gráid cheadasithe na Seirbhíse Sláinte leis an bhfoireann uilig a cheaptar chuig poist bhuan sa PSI. Níor deonadh aon phá bisigh breise nó liúntais le haon duine ar an bhfoireann ná níor íocadh as aon ragobair a rinneadh i 2008. Beidh an fhoireann ar fad ag PSI faoi dhliteanas na tobhaigh a cheadaigh an Rialtas maidir le pá ginearálta agus pinsin a íoc i 2009. Tá leibhéal an neamhláithreachais ag foireann PSI íseal de réir chaighdeáin na hearnála sláinte. Léiriú is ea é seo ar leibhéal ard thiomantas agus díograise fhoireann PSI san obair agus a dtiomantas ar an iomlán don PSI mar eagraiocht.

**Costais Neamh-Phá**
Ba é iomlán na gcostas neamh-phá do 2008 ná €2.677m.

Is iad na príomhnithe i gcostais neamh-phá ná:

- Táillí Dlí
- Comhairleoireacht AD
- Comhairleoireacht TFC
- Comhairleoireacht Airgeadais agus Maoine
- Comhairleoireacht CP
- Táillí Gairmiúla Eile
- Costais Bhunachar Sonraí
- Táillí Coiste
- Táillí Oifige
- Táillí Irise
- Táillí Costais
- Díluacháil

Bhí costais neamh-phá an-ard i 2008 ó tharla go raibh gá le seirbhísí breise comhairleoireachta a fhostú chun an tAcht Cógaisíochta 2007 a chur i bhfeidhm, chun plé le nithe áirithe oidhreachta agus chun teagmháil go díscréideach le cógaiseoirí ar fud na tíre.

**Táillí Dlí**
Bhí ar an PSI sraithe de thuairiscí a bheith ullmhaithe ag a chomhairleoir dlí i ndiaidh tosú an Achta Cógaisíochta 2007. Ceann de na tuairiscí seo ab ea tuairisc riachtanach ar dhícheall cuí a rinne athbhreithniú thart ar 100 mír oidhreachta a tháinig ón sean-PSI. Rinne an Cláraitheoir agus an bhainistíocht gníomhartha cuí i ndiaidh na tuarisce seo lena chinntiú gur

laghdaíodh aon phriacal don PSI amach anseo. Freisin, d'ordaigh an Chomhairle tuairisc chuimsitheach ar imppleachtaí dlí an Achta Cógaisíochta 2007. Bhí sé seo riachtanach sula dtosófaí ar obair fhorfheidhmiú na reachtaíochta, ach go háirithe Céim 2 a chuimsigh Codanna 4, 5 agus 7 den Acht. Tuairisc an-mhionsonraithe ab ea seo a chuimsigh thart ar 250 míreanna gníomhaíochta agus a d'éiligh comhchomhairlí leathan le réimse de pháirtithe ag ár gcomhairleoir dlí thar tréimhse 15 mí. Cuireadh an tuairisc i láthair i 2008 agus íocadh na costais iomlána sa bhliain sin.

Ina theannta sin, phlé comhairleoir dlí PSI le 29 nithe tábhachtacha breise mar chuid de ghnó leanúnach PSI lena n-áirítear rannpháirtíocht dhíreach sa deimhniú cáilíochta ar an gCód Iompraíochta, Rialacháin, Rialacha agus Gnásanna Reachtúla, a d'fhaomhaigh san tAire ina dhiaidh sin agus a cuireadh os comhair Thithe an Oireachtais. Ba iad na costais dlí dos na tauiriscí speisialta agus don obair sepesialta a rinneadh ná €390,000 i 2008. Ba é an costas a bhí ar ghnáthobair dlí le linn 2008 ná €110,000

**Seirbhísí Eile**
D'fhostaigh an PSI roinnt saineolaithe agus speisialtóirí chun chuidiú le forbairt na heagraíochta nua, chun plé le forfheidhmiú chodanna éagsúla den Acht agus chun plé le nithe oidhreachta. D'áirigh siad seo rannpháirtíocht ghníomhach agus dhíreach in athruithe a chur in iúl d'earnáil na cógaisíochta, don chóras polaitíochta, do chinnteoirí sinsearacha agus do rialaitheoirí. Ina theannta sin, baineadh leas as saineolas in achainní daonna, san airgeadas (aoisliúntas agus maoin san áireamh) agus TFC lena chinntiú gur chuir an PSI an deachleachtas i bhfeidhm ina chuid idirbhearta ar fad. Chuaigh na Cláir nua beo ar shuíomh gréasáin PSI i 2008, mar a éilítear san Acht Cógaisíochta 2007.

Íoctar costais taistil agus cothabhála leis an gComhairle, le Coistí na Comhairle agus le foireann PSI ag na rátaí a cheadaíonn an tAire Sláinte agus Leanaí ó am go ham le cead an Aire Airgeadais. Déantar na costais seo a smachtú, a mhaoirsiú agus a bhainistiú agus a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ba é an costas iomlán ná €0.161m i 2008. Caithfear a chuimhneamh go gclúdaíonn an caiteachas seo ár ndualgais náisiúnta agus idirnáisiúnta chun freastal ar chruinnithe ag leibhéal AE, Comhairle na hEorpa agus FIP, chomh maithe le costais a bhaineann le thart ar 100 cruinniú faoi scáth na Comhairle agus Choistí na Comhairle. Ina theannta sin, bhí ar an gComhairle roinnt áirithe cruinnithe réigiúnda a thionól agus próiseas

comhchomhairleach ar an Acht Cógaisíochta 2007 a chaithfidh sé a chur i bhfeidhm faoi lár na bliana 2009. Nuair is gá taisteal idirnáisiúnta a dhéanamh coinnítear chomh híseal agus is féidir é agus baintear úsáid as an rogha is saoire aerthaistil i gcónaí. Aimsítear cóiríocht óstáin ag na rátaí is éifeachtaí ó thaobh costais de.

Ba é an costas díluachála ar dhaingneáin agus feistis ná €0.142m, le costas €0.142m ar chlódóireacht, postas agus stáiseanóireacht.

**Ioncam**
Ba é iomlán an ioncaim i 2008 ná €2.581m, agus tháinig €1.720m de sin ó tháillí clárúcháin cógaiseoirí agus €0.254m ó chlárúcháin eile. Fuarthas €0.161m ó fhógraíocht agus díolachán an Irish Pharmacy Journal le €0.092m ag teacht ó chíosanna an PSI.

Sa Phlean Seirbhíse 2008, bhí ioncam de €2.4m ó Chlárú Ghnólachtaí Cógaisíochta Miondíola san áireamh. I rith na bliana cuireadh an dáta clárúcháin a bhí molta ar athló ar dhá ócáid. I Samhain na bliana 2008 cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí tabhairt isteach na táille clárúcháin nua ón 1 Eanáir 2009. Dá bhrí sin, níor tháinig aon ioncam isteach inár gcuntais do 2008. Íocadh tromlach na dtáillí i Nollaig na bliana 2008 ach tógadh iad seo ar aghaidh do chuntais na bliana 2009.

**Maoin**
Toisc gur tháinig stop iomlán ar mhargadh na maoine in Éirinn agus nach raibh maoiniú bainc ar fáil, níor cuireadh díol ár bhfoirgneamh ag 18 Bóthar Shrewsbury agus 37 Bóthar Northumberland, Baile Átha Cliath i gcrích. Eagraíodh comórtais soláthar chun Gníomhairí Eastáit agus Comhairleoirí Dlí a cheapadh do dhíol na bhfoirgneamh. Ó tharla nach raibh an díol ann níor íocadh aon táillí. Bhí costais ann i margaíocht na bhforigneamh, comhairle a fháil ar cheisteanna cuntasaíochta agus cánach agus íocaíocht CBL ar léas an fhoirgnimh ar Bhóthar Northumberland.

Tá gach rogha d'úsáid na bhfoirgneamh á mheas agus cuirfear na Coistí cuí agus an Chomhairle ar an eolas maidir le haon dul chun cinn a luaithe agus is féidir.

Braitheann aimsiú cheannoifige ionaid do Bhóthar Shrewsbury ar chumas an PSI a chuid maoine a dhíol ag leibhéal inghlactha agus réalaíoch ag cur san áireamh suíomh na maoine. Ní dócha go ndíolfar na foirgnimh go luath san am atá romhainn.

**Aoisliúntas**
Éilíonn an tAcht Cógaisíochta 2007 ar an PSI scéim a ullmhú chun leasa aoisliúntais a bhronnadh ar a fhoireann.

Tá scéim ceadaithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí bunaithe ar mhúnla scéime na Roinne Airgeadais. Tá sé beartaithe an scéim a thosú go luath. Tá plé ar siúl

leis an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le sonraí do mhaoiniú na scéime. Tá an scéim scor agus liúntas báis a thosaigh an sean-PSI fós i bhfeidhm. Beidh ar chomhaltaí na foirne PSI a tháinig isteach i ndiaidh an 22 Bealtaine 2007 dul isteach sa scéim nua ón dáta sin.

**Clár Comhardaithe**
Taispeánann an clár comhardaithe glanshócmhainní ag an 31 Nollaig 2008 de €2.740m i gcomparáid le €4.336 ag Nollaig 2007. Tharla an titim i sócmhainní de thoradh fharasbarr ar chaiteachas thar ioncam de €1.597m i 2008. Tharla seo toisc nár tugadh táillí clárúcháin Ghnólachtaí Cógaisíochta Miondíola i 2008. I rith na bliana nuair ba léir go dtarlódh seo, d'aontaigh an Chomhairle an cúlchiste ioncaim agus caiteachais a úsáid chun costais an phleain seirbhíse a bhí ceadaithe a ghlanadh. Rinneadh laghdú de €0.800m do bhuiséad am chaiteachais i rith na bliana chun plé leis an staid a bhí ag forbairt. Chiallaigh sé seo, don chuid ba mhó, nár earaíodh foireann nua sa réimse Cigireachta agus Forfheidhmithe. Bhí na cúlchistí ioncaim agus caiteachais cruthaithe ag an sean-PSI chun ullmhú leis na costais níos airde a rabhthas ag súil leo i bplé leis an Acht Cógaisíochta 2007.

# TUAIRISC NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHAIRLE PSI

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais do Chumann Cógaiseoirí na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 ina bhfuil an cuntas ar ioncam agus chaiteachas, an cuntas ar bhrabach agus caillteanas iomlán aitheanta, an clár comhardaithe agus na nótaí a bhaineann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoin na polasaithe leagtha amach ar leathanach 8.

Déantar an tuarascáil seo chuig an gComhairle amháin, mar chomhlacht de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cuntasaíochta 2007 agus an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúctha ionas go bhféadfaimis na ceisteanna úd nach mór dúinn a shonrú do Chomhairle PSI i dtuarascáil iniúchóra a shonrú dóibh agus níor réitíodh é le haghaidh aon chuspóra eile. Ní ghlacaimid freagracht, a mhéid agus a thugtar cead dúinn ag an dlí, d'aon duine eile seachas an PSI agus Comhairle an PSI mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúctha, as an tuarascáil seo, ná as árdtuairim.

**Freagrachtaí na Comhairle agus na n-Iniúchóirí faoi Seach**
Tá freagrachtaí na Comhairle as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a réitiú de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cógaisíochta agus na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus a chuir Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) chun cinn leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Tá freagracht orainn as iniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlíthiúil agus rialúcháin agus de réir na gCaighdeán Idirináisiúnta um Iniúchóireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe).

Tugaimid duit ár dtuairim an dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis agus an bhfuil siad réitithe i gceart de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Cógaisíochta 2007 agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn. Freisin tugaimid tuairisc duit ar ár
dtuairim maidir leis na ceisteanna seo a leanas: ar choimeád an PSI leabhair chearta cuntais;

agus an réitíonn an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Comhairle leis na ráitis airgeadais. Ina theannta, sonraímid an bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a theastaíonn chun críocha ár n-iniúctha agus an réitíonn clár comhardaithe agus a chuntas ioncaim agus caiteachais leis na leabhair chuntais.

Tugaimid tuairisc dos na baill má mheasaimid nach dtugtar aon eolas atá sonraithe ag an Acht Cógaisíochta 2007 maidir le híocaíocht ball Comhairle nó idirbhearta ball Comhairle, agus áit ar féidir, áirímid an t-eolas sin inár dtuarascáil.

Léimid an Tuarascáil na Comhairle agus measaimid na himpleachtaí d'ár dtuairisc má thagaimid ar aon mhíráiteas ann.

**Bunús Tuairime Iniúctha**
Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhunús tastála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áirítear leis freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais mhóra a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á réitiú aici, agus an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an PSI, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an nochtar go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach le fianaise dhóthanach a chur ar fáil dúinn le dearbhú réasúnta a thabhairt dúinn go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh go raibh calaois nó mírialtacht nó earráid eile freagrach as. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim rinneamar luacháil freisin ar dhóthanacht chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais ar an iomlán.

**Tuairim**
Is é ár dtuairim ná go dtugtar léargas fíor agus cothrom sna ráitis airgeadais ar staid ghnóthaí an PSI ar 31 Nollaig 2008 agus ar a thoradh don bhliain a chríochnaigh ansin agus gur réitíodh iad i gceart de réir Sceideal 1, Alt 16 den Acht Chógaisíochta 2007 agus de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn.

Fuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár niniúctha. Is é ár dtuairim ná gur choimeád an PSI leabhair chearta cuntais. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuairisc na Comhairle ar leathanach 1-2 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**Anne Brady McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte &**
**Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Iveagh, Bóthar Fhearchair,**
**Baile Átha Cliath 2**

# CUNTAS AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2008

| | Tréimhse 12 mhí ag críochnú 31 Noll 2008 | Tréimhse 7 mí ag críochnú 31 Noll 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| | 2,580,908 | 2,096,762 |
| **Ioncam** | | |
| Costais riaracháin agus costais dhíreacha | (4,163,329) | (2,109,241) |
| **Easnamh ar ghnáthimeachtaí roimh cháin** | (1,582,421) | (12,479) |
| Cáin ar easnamh ar ghnáthimeachtaí | (14,197) | (39,115) |
| **Easnamh ar ghnáthimeachtaí i ndiaidh cánach** | (1,596,618) | (51,594) |
| (Caillteanas) don bhliain | (1,596,618) | (51,594) |

Níl aon fháltas nó caillteanas aitheanta ach amháin an toradh don dá thréimhse airgeadais thuasluaite; mar sin ní raibh aon ghá ráiteas ar fháltais agus caillteanais aitheanta a tháirgeadh. Gineadh an toradh don bhliain as oibríochtaí leanúnacha amháin.

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 3 Márta 2009.

# CLÁR COMHARDAITHE MAR A BHÍ AG 31 NOLLAIG 2008

| | Tréimhse 12 mhí ag críochnú 31 Noll 2008 | Tréimhse 7 mí ag críochnú 31 Noll 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sócmhainní Seasta | 4,707,754 | 4,613,862 |
| Sócmhainní inbhraite | 1 | 1 |
| Infheistíochtaí | | |
| | 4,707,755 | 4,613,863 |
| Sócmhainní Reatha | | |
| Stocanna | 8,364 | 8,489 |
| Féichiúnaithe | 149,300 | 170,292 |
| Airgead tirim sa bhan agus sa láimh | 2,347,663 | 96,407 |
| | 2,505,327 | 275,188 |
| Creidiúnaithe: suimeanna le híoc laistigh de bhliain | (4,473,080) | (552,431) |
| Glandliteanais Reatha (1,967,753) | (277,243) | |
| Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha | 2,740,002 | 4,336,620 |
| Capiteal agus Cúlchistí | 1,361,334 | 1,361,334 |
| Cúlchiste athluachála | 1,378,668 | 2,975,286 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | | |
| Cúlchistí Dúnta | 2,740,002 | 4,336,620 |

Cheadaigh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 3 Márta 2009.

## NOTAÍ

PSI
THE PHARMACEUTICAL SOCIETY OF IRELAND
*Cumann Cógaiseoirí na hÉireann*

THE PHARMACY REGULATOR

**THE PHARMACEUTICAL SOCIETY OF IRELAND**

*THE PHARMACY REGULATOR*

18 Shrewsbury Road,
Ballsbridge, Dublin 4, Ireland.
T: +353 1 2184000
F: +353 1 2837678
e: info@pharmaceuticalsociety.ie
w: www.pharmaceuticalsociety.ie